Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2019

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **02** | Ráiteas an Chathaoirligh |
| **07** | Réamhrá |
| **11** | Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2019 |
| **27** | Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe |
| **37** | Caighdeáin Feithiclí, Tástáil agus Forfheidhmiú |
| **48** | Seirbhísí Corparáideacha agus Tacaíochta RSA |
| **57** | Ráitis Airgeadais |
| **96** | Iarnótaí |
| **97** | Graf Eolais don Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre |

# Ráiteas an Chathaoirligh

Ó cuireadh ar bun é in 2006 i leith, is é an t-aon chúram amháin atá ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ná bóithre na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte agus an líon básanna agus gortuithe i measc lucht úsáide na mbóithre a laghdú. Tá an-dul chun cinn déanta againn mar thír thar thréimhse na straitéise reatha sábháilteachta ar bhóithre.



**Liz O'Donnell**
Cathaoirleach

Tá laghdú de 25% tagtha ar an líon básanna ar bhóithre ó cuireadh tús leis an straitéis in 2013 i leith, ach ní féidir linn bheith réchúiseach faoi sin. D'fháiltíomar roimh an scéala gurbh é 2018 an bhliain ba shábháilte ar na bóithre ó thosaíomar ag taifeadadh na mbásanna i 1959 i leith. Ar an drochuair, ní rabhamar in ann an uimhir seo a laghdú a thuilleadh in 2019 ós rud é gur cailleadh 141 duine ar na bóithre.

Tiocfaidh deireadh leis an *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* ón rialtas an bhliain seo chugainn. Sa bhliain deiridh seo, ní mór dúinn an líon daoine a fhaigheann bás ar na bóithre a laghdú go 124 dhuine nó níos lú ná sin má táimid chun príomhsprioc tarrthála na Straitéise a bhaint amach. is féidir é a dhéanamh, agus ní mór dúinn obair i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta go léir thar earnálacha an fhorfheidhmithe, na hinnealtóireachta, an bheartais agus na ngníomhaireachtaí deonacha chun é a bhaint amach.

Caithfimid díriú i gcónaí ar bhearta a chruthaigh a bheith éifeachtach chun dul i ngleic le hiompraíocht chontúirteach ar na bóithre agus chun tacú le grúpaí atá i mbaol. Beart lárnach is ea beartas láidir sábháilteachta ar bhóithre agus d'fháiltíomar roimh reachtaíocht nua ón Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Shane Ross TD, chun deireadh a chur le rothaithe a scoitheadh go contúirteach.

In 2019 leanamar linn ag tacú le reachtaíocht a tugadh isteach in 2018 lenar díríodh ar thiománaithe neamhthionlactha faoi oiliúint, agus ar reachtaíocht a bhreisigh na pionóis do chionta tiomána faoi thionchar dí. Tá feabhas tagtha ó tugadh isteach an dlí maidir leis an tiománaí neamhthionlactha faoi oiliúint, sa mhéid gur tharla laghdú ar na tuairteanna marfacha a raibh tiománaí faoi oiliúint bainteach leo agus gur tuairiscíodh laghdú orthu siúd a bhí ag brath ar chead fadtéarmach tiománaí faoi oiliúint. cé gur tháinig laghdú ar an líon tiománaithe a gabhadh de bharr cionta ar cheann íochtair na teorann don tiomáint faoi thionchar dí in 2019, is mór an dúshlán roimh ár n-iarrachtaí sábháilteacht ar bhóithre i gcónaí atá sa tiomáint lagaithe de bharr tionchair dí nó drugaí.

Tá an forfheidhmiú ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí de shlabhra na sábháilteachta ar bhóithre agus, in 2019, thug an Garda Síochána isteach a n-aip ACTIVE Mobility. Ní haon áibhéil é a rá gur athrú ó bhonn a bheidh anseo. Dúirt garda amháin maidir leis an tionchar a bheadh aige nach n-inseofaí scéalta i mbarr bata le taobh an bhóthair a thuilleadh. Is mian liom tréaslú lenár gcomhghleacaithe sa Gharda Síochána as é a fhorbairt agus a thabhairt isteach. Nuálaíocht tobréitigh atá ann do mhaoirseacht na nGardaí ar na bóithre atá tógtha ar an obair seo againne lenár tugadh isteach an teicneolaíocht seo chun cabhrú le forfheidhmiú sna hearnálacha tarlaithe agus iompair paisinéirí. Táim ag súil le haip ACTIVE Mobility an Gharda bheith rollaithe amach go forleathan i measc gardaí túslíne in 2020.

In 2019, chuaigh an Breatimeacht agus an idirbheartaíocht fhadtréimhseach a bhain leis i gcion ar ár n-oibríochtaí agus rinneadh éilimh bhreise shuntasacha ar an eagraíocht againn dá mbarr.

Cuireadh strus ollmhór ar na seirbhísí ceadúnaithe againn de bharr imeacht bheartaithe na Ríochta Aontaithe (RA) as an Aontas Eorpach (AE), mar nár mhór do shealbhóirí ceadúnais

de chuid RA a raibh cónaí orthu in Éirinn iad a mhalartú ar cheadúnas Éireannach chun dlí na hÉireann agus dlí AE a chomhlíonadh fós. Mhalartaigh cónaitheoirí in Éirinn 49,685 cheadúnas san iomlán de chuid RA in 2019. Ba mhéadú suntasach é seo ar na 6,000 ceadúnas de chuid RA a malartaíodh in 2018. Is mian liom tréaslú lenár bhfoireann as an dúshlán sin a shárú.

Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt d'obair ár bhfoirne maidir le cur chun cinn an chláir dhigitithe. Is é an toradh a bheidh ar an tionscadal sin go ndéanfar uasghrádú suntasach ar an mbealach a dtairgimid seirbhísí ar líne. Beimid in ann dá bharr tacú níos fearr lenár gcustaiméirí, is cuma cén t-aistear atá ar bun acu i dtreo na sábháilteachta ar bhóithre, mar shampla, ag dul i mbun an aistir chun an tiomáint a fhoghlaim mar aon leis na céimeanna ar fad a bhíonn i gceist leis sin.

Ag leibhéal idirnáisiúnta aithníodh Éire fós a bheith ina tír dea-chleachtais i réimse na sábháilteachta ar bhóithre. Ba í Éire an dara Ballstát ba shábháilte san Aontas Eorpach in 2018 ó thaobh básmhaireacht ar bhóithre de (básanna ar na bóithre in aghaidh gach milliúin cónaitheoir). Mar aithint air seo agus ar ár n-iarrachtaí feabhas a chur ar an tsábháilteacht, fuair Éire gradam mór le rá, mar a bhí an tInnéacs Feidhmíochta ar Shábháilteacht ar Bhóithre, ó Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa i Meitheamh 2019. Bronntar an gradam bliantúil ar thír Eorpach a bhfuil dul chun cinn leanúnach léirithe aici maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre i dteannta cur chuige straitéiseach trasrialtais.

Tá cultúr ann san Údarás go mbíonn fonn orainn foghlaim ó eispéiris daoine eile, agus fonn orainn an dea-chleachtas agus an t-eolas atá faighte againn féin a chomhroinnt ar mhaithe leis an bpobal go léir. In 2019 bhí ríméad orainn tacú le Tionscadal Malairte Sábháilteachta ar Bhóithre AE 2019-2021, atá ina thionscnamh sábháilteachta ar bhóithre de chuid AE atá dírithe ar an líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú ar bhóithre AE. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal trí bliana dul i ngleic leis an mbásmhaireacht ar bhóithre tríd an dea-chleachtas comhchoiteann idir náisiúin AE a thabhairt le chéile. Mar chuid den obair sin, beimid ag comhroinnt eispéireas na hÉireann i ndul i ngleic le ceisteanna maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre, an tiomáint faoi thionchar dí agus drugaí ina measc, leis na tíortha is lú feidhmíocht, ar nós na Rómáine agus na Portaingéile.

Beimid i gcónaí ag baint leas as taighde, fianaise agus foghlaim chomhroinnte maidir leis an dea-chleachtas a bheidh mar bhonn eolais d'fhorbairt na chéad leagan eile de Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre ón Rialtas, a mhairfidh ó 2021 go dtí 2030.

Agus muid ag forbairt na chéad straitéise eile ag Éirinn, dúshlán amháin a bheidh ag teacht chun cinn ná samhlacha nua iompair, agus teacht ar an gcaoi is fearr ar féidir samhlacha inbhuanaithe iompair, gníomhaíocht aeráide, agus sábháilteacht sa taisteal gníomhach a nascadh le chéile. Ba cheart níos mó béime a chur inti ar thimpeallacht níos sábháilte a chruthú don taisteal gníomhach ar nós an tsiúil agus na rothaíochta. Chonaiceamar lenár súile féin an chaoi ar baineadh é sin amach i gcathracha eile san Eoraip sa tsraith teilifíse ar RTÉ 1 a d'urraíomar faoin rothaíocht, a craoladh go luath in 2019. Ba cheart cuireadh a thabhairt do dhaoine óga páirt a ghlacadh i gceapadh na straitéise nua. Tá gortuithe tráchta bóthair ina gcúis mhór le básanna i measc leanaí agus daoine óga agus, mar sin de, ba cheart dearcadh na ndaoine óga a bheith mar bhonn eolais dár straitéis.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom na daoine go léir a ndeachaigh teagmhais tráchta bóthair i gcion orthu agus a chuir a gcuid scéalta in iúl dúinn i gcaitheamh 2019 a aithint. Ócáid speisialta domsa an bhliain seo caite ba ea seoladh achainí na Nollag agus na hAthbhliana ag an Údarás agus ag an nGarda Síochána san Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin i nDún Laoghaire. Ag an ócáid sin, labhair marthanóirí ó imbhuailtí tromchúiseacha leo siúd a bhí ann ar an gcaoi a ndeachaigh na gortuithe buana a bhain dóibh i gcion orthu féin agus ar a muintir. Ní raibh ach an t-aon uaillmhian amháin acu go léir: nach rachadh an chailliúint chéanna i gcion ar aon duine ná teaghlach eile. Gabhaimid buíochas leo as a misneach agus iad ag cur a gcuid scéalta in iúl agus ag tacú leis an tsábháilteacht ar bhóithre.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom i mo cháil mar chathaoirleach ar an Údarás aitheantas a thabhairt don phobal agus buíochas a ghabháil leis as a thacaíocht leanúnach dúinn agus dár n-uaillmhian an tráma a bhaineann leis an mbás agus an gortú tromchúiseach ar na bóithre a laghdú.

**Liz O'Donnell**
Cathaoirleach

# Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh

In 2019, cailleadh 141 duine in 130 imbhualadh marfach. Cé nach bhfuil anseo ach méadú de bhás amháin ar an 140 duine a cailleadh in 2018, is moilliú é ar an iomlán ar an dul chun cinn a rinneadh le déanaí, nuair a bhí laghduithe ann bliain i ndiaidh bliana ar bhásanna ar na bóithre ó 2016 anonn.



**John Caulfield**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

Ba é an grúpa ba mhó a bhí i mbaol in 2019 ná tiománaithe, arb ionann a líon nuair a chuirtear paisinéirí san áireamh leo agus dhá thrian de na básanna go léir ar na bóithre. Cé gur gá tosaíocht a thabhairt d'úsáideoirí soghonta bóithre, ní mór dúinn a chuimhneamh gurb iad tiománaithe agus paisinéirí na grúpaí atá ag fáil bháis fós agus nach líon inghlactha é an líon díobh atáthar ag cailleadh.

De réir mar a thagann deireadh leis an Straitéis reatha um Shábháilteacht ar Bhóithre ón Rialtas, tá tús curtha le hobair ar an gcéad straitéis eile a fhorbairt, a mhairfidh ó 2021 go dtí 2030. Rinneadh an chéad chéim sa phróiseas sin ag ár gComhdháil bhliantúil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2019. Rinneadh machnamh ann ar an 'Dea-chleachtas Idirnáisiúnta i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a Fhorbairt'. Meastar gur thír dea-chleachtais í Éire maidir leis an gcur chuige straitéiseach a ghlacann sí i leith na sábháilteachta ar bhóithre. Aithníodh é sin in 2019 nuair a bronnadh gradam mór le rá, mar a bhí an tInnéacs Feidhmíochta ar Shábháilteacht ar Bhóithre, ar an tír mar gheall ar shábháilteacht ar bhóithre. Aithníodh chomh maith iarrachtaí na hÉireann básanna ar na bóithre a laghdú in 2018, an bhliain ba shábháilte a taifeadadh riamh anseo. Agus 29 mbás bóthair aici in aghaidh gach milliúin duine sa daonra, tháinig Éire chun bheith ar an dara stát ba shábháilte in AE.

Toisc mhór taobh thiar den líon básanna a laghdú thar na blianta ba ea cur chuige comhoibríoch na bpríomhpháirtithe go léir a bhíonn gafa leis an tsábháilteacht ar bhóithre. I measc na samplaí as 2019 tá an comhar a bhí againn le Bord Taighde Sláinte FSS agus le Biúró Míochaine na Sábháilteachta ar Bhóithre maidir le taighde ar an tiomáint faoi thionchar drugaí. Cuireadh na torthaí i láthair ag ár Léacht Acadúil Bhliantúil. Rinneamar obair leis an nGarda Síochána in 2019 chun anailís ar na básanna agus na gortuithe tromchúiseacha le linn uaireanta taistil seachbhuaice a fhoilsiú. Leagadh béim inti gur gá leas a bhaint as forfheidhmiú na ngardaí ag an deireadh seachtaine agus le linn uaireanta seachbhuaice (10pm – 6am) agus gur cheart tús áite a thabhairt don alcól a bhrath. Rinneamar comhchlár oiliúna a óstáil le baill d'Aonaid Phóilíneachta Bóthar an Gharda Síochána ar fud na tíre. Thug sé faoi cheisteanna maidir le sábháilteacht ar bhóithre, fionnachtana anailíse ar shonraí faoi thuairteanna, agus iompar tráchtála agus paisinéirí a chur i bhfeidhm.

Bhí leibhéal ard oideachais agus feasachta maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar bun againn i gcónaí in 2019. Ar na buaicphointí bhí feachtas nua arna threorú leis an teilifís, ag spreagadh fir óga, ar grúpa ardriosca iad, criosanna sábhála a chaitheamh. D'urraíomar sraith teilifíse 4 chuid ar RTÉ ar ar tugadh Now You See Me. Díríodh inti ar sábháilteacht rothaíochta. Thug ár n-acmhainní idirghníomhacha oideachais le chéile cuairt ar 600 ócáid as ar tháinig teagmháil le beagnach ceathrú milliúin duine.

Le linn 2019, tháinig laghdú suntasach ar na hagaí feithimh do thástálacha tiomána, ó gheall le 12 sheachtain i dtús 2019 go dtí 6 seachtaine ag deireadh na bliana. Tharla sin in ainneoin méadú de 20% ar iarratais le linn na bliana. Tháinig an méadú chun cinn de bharr gur tugadh isteach mar ba cheart pionóis níos déine chun cur crua ar thiománaithe neamhthionlactha faoi oiliúint. Chabhraigh na pionóis nua leis an líon daoine a bhí ag brath go fadtéarmach ar chead tiománaí faoi oiliúint a laghdú. Tháinig laghdú de gheall le 20% ar an líon daoine a bhí ag brath ar an gceathrú cead nó ar chead níos déanaí ná sin do thiománaí faoi oiliúint in 2019. D'osclaíomar ionaid nua ilchuspóireacha tástála tiomána i nDún Dealgan agus i Dún Laoghaire in 2019.

Maidir le ceadúnú tiománaithe, bliain ghnóthach a bhí ann don tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána. Rinne an tSeirbhís breis is 600,000 iarratas ar cheadúnais agus ceadanna a phróiseáil. Díobh sin, bhain 50,000 iarratas le malairtí ceadúnais eachtrannaigh de chuid RA mar gheall ar an mBreatimeacht. Líon malairtí eachtrannacha nach bhfacthas riamh a bhí ann.

Ceann de na forbairtí ba shuntasaí ag leibhéal AE in 2019 ba ea gur ghlac an Coimisiún agus an Pharlaimint an Rialachán nua Sábháilteachta Ginearálta. Tá an rialachán chun sábháilteacht carranna, veaineanna, trucailí agus busanna nua a athrú as éadan sna deich mbliana amach romhainn. Is dócha gurb é seo an fhorbairt is tábhachtaí i réimse na sábháilteachta feithiclí ó tugadh isteach an crios sábhála i leith. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair na mball foirne a ghlac páirt in idirbheartaíocht dhian, in éineacht le comhghleacaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, maidir leis na rialacháin nua, agus iad ag déanamh ionadaíocht do sheasamh na hÉireann ar mheithleacha teicniúla sa Bhruiséil.

Ag breathnú amach romhainn, beidh tús áite ag an nuálaíocht in innealtóireacht feithiclí lena dtabharfar freagairt do dhúshláin chomhshaoil agus do dhúshláin sábháilteachta ar bhóithre araon. Leis an bhfírinne a rá, tá nasc doscaoilte eatarthu.

In 2019, leanadh leis an obair chun ár dtiomantas sa Phlean Corparáideach do fheabhas a chur ar an mbealach ina seachadaimid ár seirbhísí a chomhlíonadh. Faoin mbliain seo chugainn, ba cheart go mbeadh eilimintí suntasacha den obair sin á seachadadh. Mar shampla, beimid ag seoladh áis ar líne lena gcuirfear ar chumas custaiméirí tástála tiomána a gcoinní féin a shocrú agus a n-áirithintí a bhainistiú go hoiriúnach dá riachtanais féin. Mar thoradh ar an tseirbhís fhairsingithe ar líne, beidh custaiméirí in ann chomh maith iarratas a chur isteach ar cheadúnas tiomána nó cead tiománaí faoi oiliúint nó iad a athnuachan.

Is é an feabhas is suntasaí, áfach, ná go mbeidh custaiméirí in ann rochtain a fháil ar ár seirbhísí, atá scoilte faoi láthair trasna suíomhanna gréasáin éagsúla, ó fhoinse ar líne amháin. Beidh an tseirbhís níos pearsantaithe agus treorófar custaiméirí ar a n-aistear fad is atá siad ag bogadh ó chéim amháin go céim eile, e.g. nuair a bheidh siad ag foghlaim na tiomána. I measc na mbuaicphointí eile tá rollú amach córais iarratais nua bainistíochta eolais chun tacú lenár Lárionad Cúraim Custaiméara agus lenár n-aonaid ghnó.

Mar eagraíocht a bhfuil baill foirne againn atá suite ar fud na tíre ar fad, baineann ríthábhacht le cumarsáidí éifeachtacha inmheánacha chun a chinntiú go gcuirfimid i gcrích an t-athrú corparáideach a theastaíonn agus go gcomhlíonfaimid na spriocanna sábháilteachta ar bhóithre. Is ní é sin ar tugadh an-aird air in 2019. Tá ríméad orm a rá gur aithníodh ár gcur chuige i leith an athrú a bhainistiú trínár mbail foirne agus in éineacht leo sa chéad tuarascáil ar dhul chun cinn ón rialtas ar an gcreat i gcomhair forbartha agus nuálaíochta san earnáil phoiblí dar teideal 'Ár Seirbhís Phoiblí 2020'.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis na gníomhaireachtaí agus na grúpaí éagsúla a thacaigh leis an Údarás ar fud na bliana. Is mian liom aitheantas a thabhairt do dhianobair na foirne go léir ar fad, go háirithe na baill foirne sin a raibh baint acu leis na héilimh a d'éirigh as an mBreatimeacht a bhainistiú. Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuarthas ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ár máthair-roinn, agus ó Shane Ross, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis na meáin as a dtacaíocht leanúnach don tsábháilteacht ar bhóithre in 2019. An rud is tábhachtaí ar fad, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le gach úsáideoir bóithre a rinne iarracht chomhfhiosach a bheith ag siúl, ag rothaíocht nó ag tiomáint níos sábháilte an bhliain seo caite. Agus gan ach bliain amháin fágtha den Straitéis reatha um Shábháilteacht ar Bhóithre ón Rialtas, is mian liom iarraidh ar gach duine dea-nósanna sábháilteachta ar bhóithre a chleachtadh in 2020 agus smaoineamh ar bhealaí ina bhféadfá féin breis cabhrach a thabhairt. Má dhéanaimid go léir mar dhaoine aonair athruithe beaga in 2020, déanfaimid ár bpobail níos sábháilte.

Agus an ráiteas seo á scríobh go luath in 2020 táimid i ngreim ag paindéim dhomhanda. Mar thoradh air sin, tá formhór ár seirbhísí curtha ar fionraí. Dá bhrí sin, ní mór dúinn bheith feasach gur bliain an-dúshlánach a bheidh in 2020. Fiú nuair a bheidh deireadh curtha leis na srianta agus ár seirbhísí curtha ar bun an athuair beidh an scéal athraithe go mór. Beidh an phaindéim tar éis tionchar suntasach a bheith aici ar sheachadadh na seirbhísí dár gcustaiméirí agus ar leibhéal na seirbhísí céanna. Iarraimid ar ár gcustaiméirí bheith foighneach linn fad is atáimid go léir ag dul tríd an tréimhse neamhghnách seo.

**John Caulfield**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

# Comhaltaí an Bhoird



**Liz O'Donnell Uasal**
Cathaoirleach
Fadaíodh a téarma ar an 24 Deireadh Fómhair 2019



**An tUasal Dimitris Karagiorgis**



**An tUasal Kevin Goulding**



**Donna Price Uasal**



**Gillian Treacy Uasal**

## Tháinig a téarma chun deiridh



**An tUasal Eddie Rock**
Tháinig a théarma chun deiridh ar an 13 Meán Fómhair 2019



**An tOll. Áine Carroll**
Tháinig a téarma chun deiridh ar an 13 Meán Fómhair 2019



**Aileen O'Toole**
Tháinig a téarma chun deiridh ar an 2 Samhain 2019



**An tUasal John Lumsden**
Tháinig a théarma chun deiridh ar an 30 Deireadh Fómhair 2019

Chun beathaisnéisí a fháil, téigh chuig rsa.ie

# Réamhrá

## Is misean simplí é misean RSA: beatha daoine a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú.

Oibríonn RSA chun sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú trí na nithe a leanas:


- feachtais faisnéise agus oideachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a mhéadú agus chun tiomáint níos sábháilte a chur chun cinn
- caighdeáin feithiclí a fheabhsú
- caighdeán um theagasc tiománaithe a bhunú agus a mhonatóiriú
- maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras tástála agus ceadúnaithe tiománaithe
- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe áirithe a bhfuil baint acu leis an earnáil iompair thráchtála
- maoirseacht a dhéanamh ar an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán (SNTC) agus an córas maidir le Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT) a bhainistiú
- obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun freagairt chomhordaithe a chinntiú agus chun a áirithiú go n-úsáidtear ár gcomhacmhainní go críonna agus go héifeachtúil
- comhoibriú agus obair leis an nGarda Síochána maidir le sábháilteacht ar bhóithre
- taighde ar imbhuailtí agus ar shábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh chun bearta agus moltaí a fhorbairt ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú
- comhairle a chur ar an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le beartas um shábháilteacht ar bhóithre
- dul chun cinn maidir leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre ón rialtas a chur i láthair agus a thuairisciú.

# An Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 ón Rialtas

**Leis an *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* ón rialtas, leagadh amach an sprioc go laghdófaí an líon básanna ar bhóithre na hÉireann go 25 bhás in aghaidh gach milliúin duine sa daonra, nó 124 bhás nó níos lú ná sin faoi 2020. in 2019 bhí na páirtithe leasmhara ar fad ag obair fós chun gníomhartha a bhí ceaptha chun na spriocanna sin a chomhlíonadh a chur i gcrích.**

Chun spriocanna na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre a chomhlíonadh go rathúil, is gá dúinn an líon básanna a laghdú ó mheánlíon de 12 bhás in aghaidh na míosa in 2019 go meánlíon de 10 mbás in aghaidh na míosa in 2020. Fágann sé sin gur gá dhá bhás breise a sheachaint in aghaidh na míosa.

Tionóladh cruinniú de na heagraíochtaí móra go léir a bhí gafa leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an 3 Nollaig. Ag an gcruinniú sin, threisíomar go léir ár dtiomantais do na spriocanna sin de chuid na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre a chomhlíonadh faoi dheireadh 2020.






## Comhdhlúthú na ndlíthe sábháilteachta beatha 2019

In 2019, dhíríomar ar thógáil ar na gnóthachtálacha reachtaíochta a baineadh amach in 2018. In 2018, thacaigh Shane Ross, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le reachtaíocht áirithe sábháilteachta beatha ar bhóithre a bhfuil an-tábhacht léi. Áiríodh inti pionóis níos déine as tiomáint faoi thionchar dí ag leibhéil níos ísle den chion alcóil san fhuil agus pionóis níos déine chun tiománaithe faoi oiliúint a chosc ó thiomáint gan tionlacan.

Cé go raibh tacaíocht pholaitiúil iomlán ann, beagnach, don reachtaíocht sábháilteachta beatha san am a chuaigh thart, ba ghá troid dhian a chur suas chun na píosaí reachtaíochta sin a rith. A bhuí leis an misneach morálta a léirigh an tAire agus ionadaithe parlaiminte sa dá theach den Oireachtas agus le hiarrachtaí na bhfeachtasóirí ar son na sábháilteachta ar bhóithre, áfach, d'éirigh leis an reachtaíocht sa deireadh agus ritheadh ina dhlí an córas nua. I gcaitheamh na próiseála reachtaíochta ar fad, thugamar tacaíocht go diongbháilte agus go glórach trína chinntiú gur tugadh na fíricí chun tosaigh i gcónaí i bpléití agus i ndíospóireachtaí maidir leis an reachtaíocht nua. Bhí sé riachtanach go mbeadh cur chuige comhoibríoch fíricbhunaithe ann ag na páirtithe leasmhara go léir chun go dtabharfaí isteach na dlíthe sin go rathúil.

Cé gur tugadh isteach na dlíthe nua sin go déanach in 2018, ba é an cúram a bhí orainn in 2019 ná feasacht an phobail a ardú maidir leo agus tacaíocht ón bpobal a chruthú dá bhforfheidhmiú. A bhuí le hiarrachtaí an Gharda Síochána, a chuir na dlíthe sin i bhfeidhm, is iomaí duine a sábháladh ón mbás agus is iomaí gortú a coisceadh in 2019.

in 2019, reáchtálamar feachtais ollmheán cumarsáide chun cur leis an bhfeasacht maidir leis na méaduithe ar na pionóis as cionta tiomána faoi thionchar dí a rinneadh ag an leibhéal íseal. Chuireamar iarracht nár beag isteach chomh maith ar fheasacht a ardú maidir leis na pionóis níos déine atá dírithe ar thiománaithe faoi oiliúint a thiomáineann gan tionlacan.

Is leor na torthaí mar fhianaise ar na hiarrachtaí sin. Trí iarrachtaí comhcheangailte RSA, go háirithe ár sraith fógraí ar ar tugadh Crashed Lives, agus trí fhorfheidhmiú na nGardaí, baineadh titim amach sa líon daoine a gabhadh mar gheall ar thiomáint faoi thionchar dí ag leibhéil níos ísle den chion alcóil san fhuil in 2019. Leis an gcur chuige céanna, baineadh athrú suntasach amach ar iompar tiománaithe faoi oiliúint, ar tháinig líon níos mó díobh chun dul faoi thástáil tiomána in 2019.

Chun déileáil le soghontacht rothaithe ar na bóithre, thug Shane Ross, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, reachtaíocht nua isteach chun déileáil le scoitheadh contúirteach rothaithe. Arís, thacaíomar leis an reachtaíocht nua sábhála beatha sin le feachtas ollmheán cumarsáide a threisigh leis an bhfíric gurb é an rothaí is measa a thagann as tuairt i gcónaí, is cuma cé air a bhfuil an locht.

# Éire ar an Ardán Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre


## Gradam PIN

Ainmníodh Éire mar bhuaiteoir gradaim mór le rá, mar a bhí an tInnéacs Feidhmíochta ar Shábháilteacht ar Bhóithre, ó Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa 2019. Bronntar an gradam bliantúil ar thír Eorpach a bhfuil dul chun cinn leanúnach léirithe aici maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre i dteannta cur chuige straitéiseach trasrialtais i leith na faidhbe. Bronnadh an gradam ar Shane Ross, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ag ócáid sa Bhruiséil ar an 19 Meitheamh 2019.



Ba i Éire an dara Ballstát ba shábháilte in AE ó thaobh básanna bóthair de (an líon básanna bóthair in aghaidh gach milliúin duine sa daonra) in 2018, agus tá sí tar éis bogadh cúig áit suas i rangú thíortha AE ó 2010, nuair a bhí sí sa seachtú háit. Maidir leis an líon daoine a maraíodh, tá Éire tar éis an líon básanna a laghdú faoi níos mó ná 30% ó bhí an bhliain 2010 ann. Mar chomparáid, tháinig méadú ar an líon básanna sa tréimhse chéanna i dtíortha eile atá measartha sábháilte, amhail an tSualainn agus an Ísiltír.

**An líon básanna (básanna bóthair in aghaidh gach milliúin cónaitheoir) in 2018 (leis an líon básanna in 2010 mar chomparáid) i dtíortha arna dtomhas leis an gclár de chuid Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa, an tInnéacs Feidhmíochta ar Shábháilteacht ar Bhóithre.[13]**



# Éire ar an Ardán Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre
ar lean



## Comhdháil bhliantúil idirnáisiúnta RSA

Rinneamar ár gComhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2019, ar ócáid bhliantúil í, a óstáil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 1 Meitheamh. Ba é téama na comhdhála ná an 'dea-chleachtas idirnáisiúnta i straitéis um shábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt' agus d'fhreastail breis is 200 páirtí leasmhar sa tsábháilteacht ar bhóithre uirthi. Cuimsíodh sa chomhdháil raon cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, a raibh cúlraí oibriúcháin, acadúil agus forbartha beartais acu. Chomhroinn na cainteoirí a saineolas agus a n-eispéiris i straitéisí um shábháilteacht ar bhóithre agus slata tomhais feidhmíochta a fhorbairt. Bhí an chomhdháil mar réamhtheachtaí ar fhorbairt na chéad *Straitéise eile um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 ó rialtas na hÉireann.*




## Léacht bhliantúil acadúil RSA


Mar chuid de sheachtain na Sábháilteachta ar Bhóithre 2019, d'óstálamar léacht acadúil i mí Dheireadh Fómhair i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn ar an téama seo: 'Tiomáint faoi thionchar drugaí: leitheadúlacht, rioscaí agus aimsiú'. I measc na gcainteoirí saineolaíocha ag an ócáid sin bhí an tOllamh Denis A. Cusack, stiúrthóir an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS) a labhair faoin tiomáint lagaithe le drugaí in Éirinn. Thug an Dr Vigdis Vindenes, ceannaire taighde sa Roinn Eolaíochtaí Fóiréinseacha, Ospidéal Ollscoile Oslo, láithreoireacht ar laige atá bunaithe ar theorainneacha reachtaíochta san Iorua. Labhair David Sheahan, Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána, faoi fhorfheidhmiú na tiomána faoi thionchar drugaí in Éirinn. Nochtadh sa léacht chomh maith na príomhthorthaí ó chomhoibriú idir an tÚdarás, an Bord Taighde Sláinte agus MBRS, a bhreathnaigh ar láithreacht drugaí i measc básanna tiománaithe.

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2019

## Amhail an 31 Nollaig 2019*, bhí 130 imbhualadh marfach ann ar bhóithre na hÉireann sa bhliain, a raibh 141 bhás ina dtoradh orthu. Is ionann sé sin agus 3 imbhualadh níos lú agus 1 (+1%) bhás sa bhreis i gcomparáid le sonraí an Gharda Síochána don tréimhse chéanna in 2018*.


### An líon básanna de réir bliana, 1997–2019

Foinse: Bunachar Sonraí RSA um Imbhuailtí Bóthair, Bealtaine 2020




Is é seo an sprioc sa Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir leis an líon básanna: 124 bhás nó níos lú faoi 2020
*Is figiúirí sealadacha iad agus tá siad faoi réir athruithe.

**130**



Imbhuailtí marfacha ar bhóithre na hÉireann

**2018: 133**
**▼2%**

**141**



Básanna ar bhóithre na hÉireann


**2018: 140**
**▲<1%**

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2019
ar lean

## Básanna ar bhóithre de réir an chineáil úsáideora bóithre, 2018 vs 2019

Tháinig laghdú ar an líon básanna i measc 3 ghrúpa úsáideoirí bóithre in 2019 i gcomparáid le 2018. Ba é an grúpa ba mhó suntas ná coisithe, ar laghdaigh an líon básanna ina measc ó 42 bhás in 2018 go 27 mbás in 2019 (-36%). Méadaíodh faoi dhuine amháin an líon básanna i measc gluaisrothaithe, agus tháinig méadú 39% ar an líon tiománaithe a fuair bás, suas ó 54 bhás in 2018 go 75 bhás in 2019. B'ionann an líon básanna i measc tiománaithe agus paisinéirí agus geall le dhá bhás as gach trí bhás (64%) in 2019. B'ionann an líon básanna i measc úsáideoirí soghonta bóithre (coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe) agus breis is aon trian de na básanna uile ar bhóithre (36%). Ar an iomlán, tháinig méadú ar an líon básanna i measc taistealaithe i bhfeithiclí ó 74 bhás in 2018 go 90 bás in 2019 (+22%).

### Básanna ar bhóithre de réir an chineáil úsáideora bóithre, 2018 vs 2019





## An líon básanna in aghaidh gach milliúin duine sa daonra[1]


Ba é an ráta básanna in 2019 ná 29 mbás in aghaidh gach milliúin duine sa daonra, agus 141 bhás ann. Ba é an bhliain roimhe sin, 2018, an bhliain ba shábháilte a taifeadadh in Éirinn riamh, agus 140 bás ann (29 mbás in aghaidh gach milliúin duine sa daonra). Idir 1997 agus 2019, tháinig laghdú 78% ar an líon básanna ó 129 mbás go 29 mbás in aghaidh gach milliúin duine sa daonra.

Féach ar leathanach 96
le haghaidh iarnótaí


### An líon básanna tráchta in aghaidh gach milliúin duine sa daonra[2]




# Pointí tagartha don tsábháilteacht ar bhóithre





- In 2019, ba é 4.9% an meánráta dífhostaíochta bliantúil. Is laghdú é sin ó 5.7% in 2018[3].





- In 2019, ceadúnaíodh 113,305 charr nua phríobháideacha den chéad uair. Is laghdú 6.5% é sin i gcomparáid le 2018 (121,157 gcinn)[4].





- In 2018, tháinig laghdú ar an líon iomlán ciliméadar a taistealaíodh le carranna príobháideacha ó 37.2 billiún go 36.0 billiún (-3.2%) i gcomparáid le 2017.[5]




- In 2018, thaistil feithiclí Éireannacha 47.6 billiún ciliméadar. Is laghdú 2.5% é sin i gcomparáid le 2017.





- Ba é an meánlíon ciliméadar a taistealaíodh le gach aon fheithicil in 2018 ná 17,422 chiliméadar, ar laghdú é ó 18,160 ciliméadar in 2017 (-4%).





- De na 36.0 billiún ciliméadar a taistealaíodh le carranna príobháideacha in 2018, taistealaíodh 65% le carranna díosail agus taistealaíodh 34% le carranna peitril.

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2019
ar lean

## An líon básanna bóthair in aghaidh an chontae in 2019 agus an líon básanna in aghaidh gach 100,000 duine sa daonra.[6]



## Sábháilteacht ar Bhóithre in AE: an líon básanna in aghaidh an mhilliúin duine sa daonra ar fud AE




Fuair tuairim is 24,500 duine bás ar bhóithre AE in 2019 de réir figiúirí a chuirtear i láthair i dtuarascáil 14 PIN de chuid Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa. I dtíortha AE28, is ionann é sin agus 48.1 bás in aghaidh an mhilliúin duine sa daonra. Is í seo an ceathrú bliain i ndiaidh a chéile ina raibh laghdú ar an líon básanna.

Tháinig laghdú 2% ar an líon básanna ó 2018 go 2019. Cé gur ábhar misnigh é an laghdú sin, is dúshlán fós é cuspóir AE le haghaidh 2020 a bhaint amach (an líon básanna ar bhóithre idir 2010 agus 2020 a laghdú faoina leath)[7].

Bhí an ráta básanna is lú in aghaidh an mhilliúin duine sa duine ann sa tSualainn (21.6 bás), in Éirinn (28.8 bás), in RA (28.9 bás) agus i Málta (32.4 bás) in 2019 i measc thíortha AE28. Tá Éire sa dara háit san Eoraip ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de.

# Feachtais Feasachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre

## Feachtas teilifíse Criosanna Sábhála: tionchar fógraíochta/athrú iompraíochta

I Lúnasa 2019, sheolamar ár bhfeachtas nua ar Shábháilteacht Criosanna Sábhála, rud a cuireadh chun cinn ar an teilifís. Bhí sé dírithe ar thiománaithe fireanna idir 17 mbliana d'aois agus 24 bliana d'aois agus ar a gcuid paisinéirí chun iad a spreagadh chun crios sábhála a chaitheamh i gcónaí. Ar bhóithre na hÉireann sna deich mbliana a chuaigh thart, ní raibh crios sábhála á chaitheamh ag 42% de na paisinéirí sa suíochán cúil a maraíodh.

Ba é an fheasacht spreagtha trí rianú ag Behaviour & Attitudes ná 57%. Is mó go mór é sin ná an meánleibhéal ag Behaviour & Attitudes.

### Éifeachtacht chur amach teachtaireachtaí an fheachtais

I do bharúil féin, cé chomh héifeachtach agus atá an fógra seo maidir leis na nithe a leanas a thaispeáint?

| | An-éifeachtach % | Go measartha éifeachtach % |
|---|---|---|
| Cé chomh tábhachtach is atá sé labhairt amach nuair nach bhfuil daoine eile ag caitheamh crios sábhála? | 70 | 25 |
| Cé chomh simplí is atá sé iarraidh ar dhaoine eile i gcarr crios sábhála a chaitheamh? | 67 | 26 |
| Más fíorchara thú, caitheann tú crios sábhála sula bhfuil ar do chara iarraidh ort déanamh amhlaidh. | 67 | 26 |
| Tá sé ríthábhachtach crios sábhála a chaitheamh i gcónaí, go háirithe nuair atá tú i gcúl an chairr. | 71 | 23 |

### Athrú iompraíochta

| | Aontaím go láidir % | Aontaím beagán % |
|---|---|---|
| Tar éis dom an fógra seo a fheiceáil, tuigim níos mó anois faoin gcaoi ar féidir iarraidh ar dhaoine eile i gcarr go héasca a gcrios sábhála a chur orthu. | 60 | 25 |
| Measaim go bhfuil an fógra seo éifeachtach maidir le heolas a chur ar fáil faoin ról a chomhlíonaimid ina chinntiú go gcaitheann siad siúd atá timpeall orainn a gcrios sábhála. | 63 | 27 |
| Tar éis dom an fógra seo a fheiceáil, braithim níos muiníní gur féidir liom iarraidh ar dhaoine eile i gcarr a gcrios sábhála a chur orthu. | 65 | 23 |
| Táim níos feasaí anois ar cé acu atá nó nach bhfuil daoine eile ag caitheamh a gcreasa sábhála. | 61 | 26 |

Foinse: Behaviour & Attitudes 2019

## Gradaim feachtais

Bhuamar an gradam People's Choice mar aon le Duais Chré-umha as Best Virtual Reality agus Físeán 360 as **Consequences**, ár bhfeachtas in aghaidh an tiomána faoi thionchar dí, ag an 9ú Annual Lovie Awards a reáchtáladh i Londain i mí na Samhna. Is iad an International Academy of Digital Arts and Sciences a bhronnann na Lovie Awards . Tá siad ar na gradaim is mó le rá san Eoraip ar son an bharrfheabhais ar fud suíomhanna gréasáin, fógraíochta ar líne, físeán idirlín, aipeanna, suíomhanna gréasáin móibíleacha, podchraoltaí agus na meáin shóisialta.

Chomh maith leis sin, bhuaigh **Consequences** dhá Dhuais Órga (Best 360 Video agus Best 360 VR) agus Duais Airgid amháin (Best 360-Narrative Experience) ag na W3 Awards, ata suite i Nua-Eabhrac. Tugann sé gradam do scoth na suíomhanna gréasáin, na bhfíseán digiteach, na margaíochta agus an inneachair mhóibíligh agus shóisialta ar an Idirlíon. Is é an Academy of Interactive and Visual Arts, saineolaithe clúiteacha ar na meáin ina measc, a thugann a roghnaíonn na buaiteoirí.

Bhuaigh ár bhFeachtas nua dar teideal **Seat Belt Safety** gradam Chré-umha ag gradaim Kinsale Shark i mí Mheán Fómhair.


## Fógraíocht sábháilteachta ar bhóithre de chuid RSA, 2019

Bonn: Na tiománaithe uile

Reáchtáil Behaviour & Attitudes Staidéar Náisiúnta Baraiméadair in 2019 lenar léiríodh gur rátáil an pobal an fhógraíocht sábháilteachta ar bhóithre ar an teilifís a bheith ar an toisc ba mhó a shábháil beatha daoine ar bhóithre na hÉireann - agus í chun tosaigh ar fhorfheidhmiú an Gharda Síochána é féin. Rátáil 97% de na freagróirí an fhógraíocht sábháilteachta ar bhóithre a bheith chumhachtach, agus rátáil 62% díobh iad a bheith an-chumhachtach.

An céatadán de fhreagróirí a mhaíonn go bhfaca siad na fógraí tar éis dóibh cineál éigin ábhar spreagtha a fheiceáil.

**Feachtais teilifíse RSA: feasacht spreagtha 2019**




Is é meánleibhéal teilifíse RSA in 2019 ná 72%. Rothaíocht: Seachadann Safe Pass an leibhéal is airde go dtí seo d'aon fheachtas aonair de chuid RSA. Foinse: Behaviour & Attitudes 2019

# Feachtais Feasachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre
ar lean

## Buaicphointí feachtais eile in 2019



### Feachtas an Tiománaí faoi Oiliúint

Reáchtáladh roinnt comhfheachtas feasachta agus forfheidhmithe i gcomhar leis an nGarda Síochána in 2019, agus iad dírithe ar thiománaithe neamhthionlactha faoi oiliúint agus ar bhrath fadtéarmach ar cheadanna foghlaimeora. Tacaíodh leis an ngníomhaíocht sin trí na meáin raidió, na meáin dhigiteacha agus na meáin shóisialta.



### Tionscadal EDWARD

Reáchtáladh Lá na hEorpa gan Bhás ar Bhóithre, nó Tionscadal EDWARD, ar an 26 Meán Fómhair 2019. Comóradh an iarracht uile-Eorpach seo ar an mbeatha a shábháil agus gortuithe a laghdú le seimineár speisialta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, a craoladh go beo.



### Now You See Me

Craoladh sraith nua cheithre chuid ar ar tugadh *Now You See Me* in earrach 2019 ar RTÉ 1. D'urraigh RSA é agus féachadh ann ar úsáideoirí soghonta bóithre, rothaithe go háirithe.



### Feachtas Chumann na nImreoirí Gaelacha

Sheol RSA, Cumann na nImreoirí Gaelacha agus Cumann na mBanimreoirí Gaelacha comhoibriú trí bliana chun feasacht ar an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn. Tá na trí eagraíocht le chéile ag súil le cabhrú le dlús a chur le hathrú iompraíochta a spreagadh i measc úsáideoirí óga bóithre.




### Crashed Lives

i mí Feabhra 2019, chuir an feachtas Crashed Lives in iúl scéal tragóideach Noel Clancy, a chaill Geraldine, a bhean chéile, agus Louise, a iníon, in imbhualadh. Bhí cuimhne ard spontáineach de 39% ag daoine ar an bhfógra (vs. 27% mar mheánleibhéal cuimhne ar fheachtas de chuid RSA). Bhí an fheasacht spreagtha don fheachtas láidir chomh maith ag 67%.



### An Nollaig agus an Athbhliain

Rinneadh achainí sábháilteachta ar bhóithre le linn thréimhse na Nollag agus na hAthbhliana 2019 san Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin i nDún Laoghaire. Díríodh ann orthu siúd a bhfuil gortuithe tromchúiseacha orthu de bharr imbhuailtí tráchta bóthair. Bhain gortuithe ar tháinig athruithe saoil dá mbarr le 3,518 n-úsáideoir bóithre idir 2014 agus 2017, agus b'úsáideoirí soghonta bóithre leath na ndaoine sin ar bhain na gortuithe sin dóibh.

## Na meáin shóisialta

Tá láithreacht láidir ag RSA fós ar na meáin shóisialta agus tá sé ag cur borradh leanúnach lena chlúdach ar líne. Tá ocht gcuntas meán sóisialta againn ar shé ardán ó cuireadh LinkedIn lenár bpunann cainéal. Trí na meáin shóisialta, is féidir linn teachtaireachtaí tráthúla um shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt dár sprioclucht féachana, ceisteanna a fhreagairt agus aiseolas a bhailiú a chabhraíonn lenár bhfeachtais a chur le chéile.

**178,627***
An líon 'is maith liom' ar Facebook

**30,339***
An líon leantóirí ar Twitter

**8,260***
An líon síntiúsóirí ar YouTube

**6,300***
An líon leantóirí ar Instagram


**4,312**
An líon leantóirí ar LinkedIn

*Figiúirí amhail Nollaig 2019


# Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre

## Suirbhé ERSA2


Comhthionscnamh idirnáisiúnta d'institiúidí sábháilteachta ar bhóithre, de lárionaid taighde, de sheirbhísí poiblí, agus d'urraitheoirí príobháideacha is ea ERSA2 (E-Survey of Road Users' Attitudes 2). Leis an suirbhé painéil ar líne, bailíodh sonraí ó bhreis is 35,000 úsáideoir bóithre i 32 thír (1,031 úsáideoir bóithre in Éirinn). Cuireadh tús leis an obair allamuigh don ERSA2 (2018) i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus cuireadh i gcrích é roimh dheireadh na bliana.




- Mhaigh 69% de na tiománaithe a ndearnadh suirbhé orthu[8] in Éirinn gur thiomáin siad níos tapa ná an luasteorainn lasmuigh de limistéir faoi fhoirgnimh [9]uair amháin ar a laghad le linn an 12 mhí roimhe; [10]ba é an figiúr inchomparáide do thíortha AE20 ná 75%. [11]




- Mheas 37% de na tiománaithe a ndearnadh suirbhé orthu in Éirinn gur dhócha go seiceálfadh an Garda Síochána iad maidir leis na luasteorainneacha a urramú [12]ar ghnáth-thuras; ba é an figiúr inchomparáide do thíortha AE20 ná 37% chomh maith.




- Labhair 22% de na tiománaithe cairr a ndearnadh suirbhé orthu in Éirinn ar fhón láimhe uair amháin ar a laghad le linn an 30 lá roimhe; ba é an figiúr inchomparáide do thíortha AE20 ná 29%.

## Taighde ar imbhuailtí marfacha le linn uaireanta seachbhuaice

In 2019, d'fhoilsíomar anailís inar iniúchadh imbhuailtí marfacha le linn uaireanta seachbhuaice thar thréimhse cúig bliana (2014–2018), chun béim a leagan ar an am agus an áit a dtarlaíonn imbhuailtí le linn uaireanta seachbhuaice, agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróifíl an úsáideora bóithre a mharaítear go déanach san oíche agus go luath ar maidin.

## Suirbhé ar iompraíocht gluaisrothaithe

In 2019, rinneamar suirbhé ar iompraíocht gluaisrothaithe. Áiríodh leis sin 450 freagróir ar shuirbhé ar líne a bhí ar siúl idir an 1 Márta agus an 7 Aibreán 2019.

# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre

Is í an fhoireann oideachais atá freagrach as oideachas agus oiliúint a sholáthar. Tá sé sin ceaptha chun a chinntiú go mbíonn ag gach úsáideoir bóithre na scileanna, an t-eolas agus an dearcadh cuí chun fanacht sábháilte ar na bóithre.

### Seirbhís náisiúnta oideachais um shábháilteacht ar bhóithre

| | |
|---|---|
| 1,982 | an líon clár oideachais a cuireadh ar fáil |
| 5,697 | an líon uaireanta teagmhála a cuireadh ar fáil |




### Check it Fits

| | |
|---|---|
| 9,086 | an líon seiceálacha 'Check it Fits' |
| 150 | an líon láthair Check it Fits |

### Tointeáil – aonad soghluaiste idirghníomhach RSA um shábháilteacht ar bhóithre

| | |
|---|---|
| 167,000 | an líon cuairteoirí |
| 194 | an líon imeachtaí |



### StreetSmart – acmhainn idirghníomhach bunscoile RSA

| | |
|---|---|
| 16,318 | an líon leanaí |
| 71 | an líon scoileanna |





### Marsantú agus dáileadh bileog agus bróisiúr um shábháilteacht ar bhóithre

| | |
|---|---|
| 314,242 | an líon bróisiúr a dáileadh |
| 11,552 | an líon cuairteanna marsantaithe |



### Ionsamhlóir iompaithe bun os cionn – dírítear aird leis ar an éifeacht a bhaineann le criosanna sábhála a chaitheamh

| | |
|---|---|
| 57,000 | an líon cuairteoirí |
| 201 | an líon imeachtaí |



### Dáileadh veisteanna sofheicthe

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 14,897 | an líon bandaí muinchille aosach | 64,900 | an líon bandaí muinchille leanaí | 19,766 | an líon soilse rothair |
| 40,914 | an líon málaí éille | 193,525 | an líon veisteanna aosach | 62,066 | an líon clúdach málaí droma |
| 59,820 | an líon bibí reatha | 2,040 | an líon criosanna Sam Browne | 57,720 | an líon veisteanna leanaí |




# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre
ar lean

## Check it Fits

Seirbhís shaor seiceála creasa sábhála do leanaí is ea Check it Fits a reáchtálann RSA i gcomhpháirtíocht le Toyota. Taistealaíonn sí fud fad na tíre.

### Seiceálacha ar shuíocháin chairr do leanaí de réir contae 2019




**Iomlán**

| na n-áiteanna ar tugadh cuairt orthu | na gcarranna ar tugadh cuairt orthu | na suíochán do leanaí a seiceáladh |
|---|---|---|
| 150 | 5,724 | 9,086 |








**23,000**

daltaí bunscoile páirteach i Cycle Right

**€200,000**

tugtha ag an RSA do chláir Cycle Right

## An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Is buaicphointe sa bhliain é an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus bhí láithreacht shuntasach againn ag an imeacht i gCo. Uíbh Fhailí i Meán Fómhair 2019. Bhí gníomhaíochtaí eolasbhunaithe tarraingteacha ag an stalla againn chun oideachas a chur ar chuairteoirí maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre. Ba é buaicphointe na hócáide seoladh ár 'n-eispéireas nua réaltachta fíorúla 'Distractions'. Scaipeamar amach breis is 10,000 mír ard-infheictheachta. Chomh maith leis sin, scaipeamar 50,000 veist ard-infheictheachta breise ag stalla an Irish Farmers Journal. Bhí breis is 30,000 cuairteoir ag ár n-aonad Tointeála thar na 3 lá.

## Oiliúint i sábháilteacht ar rothair.

In 2019, chuir 23,000 leanbh bunscoile oiliúint Cycle Right i gcrích. Ba mhéadú beagnach 4,000 leanbh é sin ar 2018. Is é Cycle Right an caighdeán náisiúnta d'oiliúint rothaíochta. Is é Rothaíocht Éireann a bhainistíonn é agus leithdháileamar €200,000 mar mhaoiniú don chlár seo in 2019. Leanamar le rothaíocht aosach a mhaoiniú. D'oibríomar le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Go Ahead Ireland agus Rothaíocht Éireann chun clár aosach amháin a sholáthar. Áirítear leis an gclár seo tiománaithe gairmiúla a chur ar rothair chun go mbeidh taithí acu ar an gcinnteoireacht ó thaobh an rothaí de.

# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre
ar lean

**€18,563**

an méid a tugadh d'údaráis áitiúla chun tacú leis an Scéim um Maor Scoile Sóisearach

**12**

An líon Seimineár ar Phóilíneacht Bóithre ar óstáil RSA iad in 2019



## Tiomáint le haghaidh Oibre

I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'oibríomar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus leis an nGarda Síochána chun ceithre sheimineár 'Tiomáint le haghaidh Oibre' ar fud na hÉireann a sholáthar. Ba é ab aidhm leis na seimineáir ná feasacht a ardú maidir le chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh dea-chleachtais bhainistíochta riosca ann chun tiomáint go sábháilte chuig an obair.

Díríodh i seimineáir 2019 ar an bhFlít Glas. Is feithiclí iad seo atá faoi úinéireacht phríobháideach ach a úsáidtear le haghaidh taisteal gnó. Le linn na seimineár, thugamar faisnéis do na rannpháirtithe faoi imbhuailtí agus faoi iompraíochtaí marfacha. Thugamar leideanna agus uirlisí dóibh chomh maith maidir leis an gcaoi ar féidir rioscaí an Fhlít Ghlais a bhainistiú. Thugamar faisnéis do na rannpháirtithe faoin gcaoi ar féidir úsáid a bhaint as cleachtais shábháilte don tiomáint chuig an obair, mar aon le sonraí faoi na riachtanais is mó le haghaidh flíteanna agus feithiclí a bhainistiú. Soláthraíodh samplaí praiticiúla dea-chleachtais freisin de chuideachtaí a dhéanann an tiomáint le haghaidh oibre a bhainistiú go héifeachtach agus de na buntáistí gnó go léir a bhaineann leis sin. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi na seimineáir ag drivingforwork.ie.

## An Scéim um Maor Scoile Sóisearach

In 2019, thugamar cistiú ab fhiú €18,563.07 d'údaráis áitiúla chun tacú leis an Scéim um Maor Scoile Sóisearach. Ghlac 26 scoil agus 693 mhaor san iomlán páirt sa scéim.

## Seimineáir oiliúna ar fheasacht ar shábháilteacht ar bhóithre leis an nGarda Síochána

In éineacht leis an nGarda Síochána, d'óstálamar 12 sheimineár oiliúna ar fud na hÉireann in 2019. Ghlac líon iomlán 334 gharda ó Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre páirt iontu.

# Oideachas Tiománaithe ar Sábháilteacht ar Bhóithre


## Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna) agus Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT)

Tá RSA freagrach as an tionscal teagaisc tiomána in Éirinn a rialáil.

Amhail an 31 Nollaig 2019 bhí 1,793 ADI ann, a raibh 1,642 dhuine díobh ag soláthar Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT) do thiománaithe faoi oiliúint. Ó tugadh isteach é i leith, tá beagnach 2.6 milliún ceacht ORT soláthartha ag ADInna do bhreis agus 210,000 tiománaí faoi oiliúint.

Ba é líon na gceachtanna ORT a cuireadh i gcrích le linn 2019 ná breis is 650,000 ceacht.

**An líon ADInna, miondealaithe de réir contae, in 2019**




**Iomlán**

**na ADInna**

**1,793**

# Oideachas Tiománaithe ar Sábháilteacht ar Bhóithre


ar lean

## Teastas um Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaithe (IGT Tiománaithe)

Tá RSA freagrach as soláthar na hoiliúna le haghaidh an teastais um inniúlacht ghairmiúil tiománaithe (IGT Tiománaithe) a mhaoirsiú. Is oiliúint bhreise ghairme í sin a chaithfidh tiománaithe gairmiúla a dhéanamh.

Críochnaíodh breis agus 741,440 lá oiliúna ó tugadh IGT Tiománaithe isteach i leith.

**Ionaid oiliúna IGT de réir cúige amhail an 31 Nollaig 2019**




Eagraíochtaí Oiliúna
na nIonad Oiliúna

**Iomlán**

**na nEagraíochtaí Oiliúna**

**95**

**na nIonad Oiliúna**

**240**

# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

## Faisnéis maidir le tástáil tiománaithe 2019

### Achoimre

| | Iarratais a Fuarthas | An Líon Iomlán Tástálacha a Soláthraíodh | Pasráta |
|---|---|---|---|
| Gluaisrothair | 4,557 | 4,421 | 65.8% |
| Carranna | 179,769 | 199,279 | 51.5% |
| Feithiclí C | 8,893 | 8,748 | 74.3% |
| Feithiclí D | 4,751 | 4,620 | 78.7% |
| Carr agus leantóir | 3,960 | 3,967 | 81.4% |
| Tarracóir | 57 | 3 (críochnaithe) | 100% |
| Iomlán | 201,987 | 221,038 | 53.9% |



### Tástálacha a tairgeadh de réir torthaí

**11.1%** Neamhláithreacht (níor fhreastail an t-iarratasóir ar choinne)

**24,472**

**3.8%** Tástálacha nach ndearnadh (fadhb le doiciméad nó feithicil an iarrthóra)

**8,301**

**0.9%** Tástálacha nár críochnaíodh (e.g. aimsir, nó cliseadh feithicle le linn na tástála)

**1,886**

**84%** Tástálacha a rinneadh (torthaí pas agus teipe)

**186,379**


**100%** Líon iomlán tástálacha a soláthraíodh

**221,038**

# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
ar lean

## N Pasrátaí 2019 le haghaidh Chatagóir B (carr) de réir ionad tástála

Pas
Teip





### Meán foriomlán

**54%**


| | |
|---|---|
| Baile Átha Luain | 45% |
| Béal an Átha | 53% |
| Biorra | 49% |
| Bun Crannncha | 60% |
| Ceatharlach | 54% |
| Cora Droma Rúisc | 53% |
| Caisleán an Bharraigh | 56% |
| An Cabhán | 64% |
| Baile an Teampaill | 47% |
| An Clochán | 63% |
| Cluain Meala | 51% |
| Corcaigh | 52% |
| Dún na nGall | 51% |
| Dún Laoghaire/Gráinseach an Déin | 54% |
| Dún Dealgan | 53% |
| Dún Garbhán | 53% |
| Inis | 54% |
| Fionnghlas | 47% |
| Gaillimh | 56% |
| Guaire | 52% |
| Cill Chainnigh | 51% |
| Cill Airne | 53% |
| Cill Rois | 52% |
| Leitir Ceanainn | 53% |
| Luimneach (Radharc na Coille) | 52% |
| Luimneach (Caisleán Mhungairit) | 53% |
| An Longfort | 54% |
| Baile Locha Riach | 61% |
| Mala | 50% |
| Muineachán | 64% |
| Mullach Eadrad | 41% |
| An Muileann gCearr | 51% |
| An Nás | 58% |
| An Uaimh | 52% |
| An tAonach | 60% |
| An Caisleán Nua | 51% |
| Port Laoise | 50% |
| Ráth Eanaigh | 44% |
| Ros Comáin | 52% |
| Sionainn | 47% |
| An Sciobairín | 54% |
| Sligeach | 52% |
| Tamhlacht | 46% |
| Durlas | 52% |
| Tiobraid Árann | 56% |
| Trá Lí | 59% |
| Tuaim | 57% |
| An Tulach Mhór | 52% |
| Port Láirge | 49% |
| Loch Garman | 56% |
| Cill Mhantáin | 52% |

## Anailís ar an bpasráta de réir déimeagrafaigh


### Pasráta





### Meán-agaí feithimh le haghaidh tástálacha tiomána (seachtainí)




### Tástálacha cairr don Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT) amháin.





Pasráta do thiománaithe atá faoi réir ORT





Pasráta do thiománaithe nach bhfuil faoi réir ORT

# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
ar lean

## Na fabhtanna ba choitianta sa tástáil (tástálacha cairr amháin)




## Na cúiseanna ba mhinice nach ndearnadh tástálacha



Ba bhliain ghnóthach í 2019, nuair a rinne 49,685 dhuine iarratas chun a gceadúnas tiomána ó RA a mhalartú le ceadúnas Éireannach. Sna blianta roimhe sin, phléamar le 6,000 malartú ceadúnais RA ar an meán. Ní mór do gach duine a bhfuil ceadúnas tiomána RA acu agus a chónaíonn in Éirinn a gceadúnas tiomána a mhalartú faoin 31 Nollaig 2020. Mura ndéanann siad amhlaidh, ní bheidh siad ceadúnaithe le tiomáint in Éirinn.

**49,685**


daoine a rinne iarratas chun a gceadúnas tiomána de chuid RA a mhalartú

Leanamar ar aghaidh ag obair ar Chéim II dár seirbhís SNCT ar líne. Seolfaimid é sin sa dara leath de 2020. Cuirfidh sé ar chumas gach custaiméara iarratas a dhéanamh ar líne ar cheadúnas má bhíonn cuntas deimhnithe MyGovID acu.



# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
ar lean

## Ionaid SNCT agus ionaid tástála teoirice de réir contae 2019




- Ionad Tástála Teoirice
- Ionad NDLS

**Ionaid Tástála Teoirice**

**43**

**Ionaid NDLS**

**37**

## An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (SNCT)

**441,113**
láncheadúnais arna n-eisiúint

**74%**
de cheadúnais arna n-eisiúint laistigh de 3-5 lá

**195,405**
ceadanna do thiománaithe faoi oiliúint arna n-eisiúint

**65,486**
ceadúnais eachtracha a malartaíodh


### Ceadúnais a eisíodh de réir an chineáil iarratais 2019

| An cineál iarratais | An líon iarratas |
|---|---|
| Malairtí eachtracha | 65,486 |
| Ceadúnais tiomána | 387,214 |
| Ceadanna foghlaimeora | 185,961 |
| Ceadúnais tiomána athsholáthair | 53,899 |
| Ceadanna foghlaimeora a athsholáthar | 9,444 |
| **Iomlán** | **702,004** |

### Na cúig thír is airde maidir le malartú ceadúnais a dhéanamh in 2019 (ceadúnas eachtrach a malartaíodh le haghaidh ceadúnas Éireannach)

| | |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe | 73.80% |
| An Pholainn | 4.30% |
| An Rómáin | 2.70% |
| An Astráil | 2.20% |
| An Liotuáin | 2.10% |


### Tástálacha teoirice tiomána 2019




*Bhí drochthionchar ar agaí Ráithe 2 mar gheall ar an líon mór iarratas a bhain leis an mBreatimeacht

# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
ar lean

## Ceadanna foghlaimeoirí agus ceadúnais tiomána iomlána an 31 Nollaig 2019 de réir cineáil i ngach contae




- Ceadanna foghlaimeora
- Ceadúnais tiomána iomlána

**Ceadanna foghlaimeora**

**Iomlán**

**233,025**

**An t-athrú ó thuairisceán an 31 Nollaig 2018**


**-7,039**

**Ceadúnais tiomána iomlána**

**Iomlán**


**3,047,912**

## An líon tiománaithe a bhfuil ceadanna foghlaimeora iomadúla acu in 2019



## Ceathrú Cead Foghlaimeora nó ina dhiaidh sin amhail an 31 Nollaig 2019, agus an líon miondealaithe de réir contae

Tháinig laghdú 19% ar an líon daoine a bhí ag brath ar an gceathrú cead nó ar chead níos déanaí ná sin do thiománaí faoi oiliúint in 2019.




**2019**

**38,386**

**2018**

**47,401**

# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
ar lean

## Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála


Tá an Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (CTSÉ) i bhfeidhm go daingean anois. Leanaimid ar aghaidh ag forbairt agus ag cothabháil an chaighdeáin ghairmiúil seo do thiománaithe feithiclí seirbhísí éigeandála, agus an dea-chleachtas in úsáid againn i gcónaí.

Déantar an caighdeán ar bhonn deonach. D'fhorbraíomar é do thiománaithe seirbhísí éigeandála i bpoist éagsúla. Áirítear leo sin tiománaithe i dtacaíocht oibríochta i.e. sa tiomáint freagartha agus i dtacú le hoibríochtaí na heagraíochta agus na dtiománaithe freagartha éigeandála sna seirbhísí sin a dtugtar díolúintí dóibh faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu.

Is é aidhm an chaighdeáin na rioscaí uathúla a bhaineann le feithiclí seirbhíse éigeandála a úsáid a laghdú go mór agus tús áite a thabhairt do shábháilteacht úsáideoirí bóithre eile, do phearsanra seirbhíse éigeandála agus dá gcuid paisinéirí.

Fuarthas i suirbhé a rinne CTSÉ in 2019 ar thiománaithe atá ceadúnaithe ag CTSÉ go ndúirt breis is 99% díobh go bhfuil tairbhe chinntitheach sábháilteachta ar bhóithre ag baint le hoiliúint CTSÉ a dhéanamh.

### An líon Deimhnithe Tiománaithe de chuid CTSÉ a eisíodh in 2019




## Painéal Oibre CTSÉ

# Caighdeáin Feithiclí, Tástáil agus Forfheidhmiú

Forbraíonn ár bhfoireann rialacha agus beartais náisiúnta maidir le caighdeáin feithiclí agus tástáil theicniúil ródacmhainneachta. Tugaimid faisnéis theicniúil shaineolaíoch don tionscal agus don phobal i gcoitinne. Leanaimid ar aghaidh ag iarraidh caighdeán na bhfeithiclí ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú, trí chaighdeáin shábháilteachta nua a thabhairt isteach agus an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht feithiclí na hÉireann a chur chun cinn. Breathnaímid go géar ar fhorbairtí idirnáisiúnta i dteicneolaíochtaí sábháilteachta feithiclí trí pháirt a ghlacadh i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta. I measc na dteicneolaíochtaí sin tá córais chúnaimh tiománaí agus carranna gan tiománaí.



# Caighdeáin Feithiclí, Tástáil agus Forfheidhmiú
ar lean

## Feithiclí uathrialaitheacha nasctha (FUN)

Tosaíocht thábhachtach dúinn in 2019 ná tionscal na gcarranna atá ag athrú go tapa a thuiscint. Beidh ról tábhachtach ag feithiclí uathrialaitheacha nasctha (FUN) (carranna gan tiománaí) inár dtionscal iompair amach anseo. Tá ár scileanna teicniúla á bhforbairt againn agus táimid ag ullmhú do thabhairt isteach FUN anseo. Le linn 2019, thosaíomar ag forbairt Tuarascáil Straitéise um Úsáid FUN de chuid RSA, ina scrúdaítear an tionchar a bheidh ag FUN amach anseo ar ár seirbhísí laethúla.

## An rialachán ginearálta sábháilteachta

Chabhraíomar le forbairt a dhéanamh ar an Rialachán Ginearálta Sábháilteachta maidir le Mótarfheithiclí (Pacáiste Soghluaisteachta AE), 2019, a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2019. Tríd an mbaint atá againn le Meitheal na Comhairle sa Bhruiséil maidir le Pacáiste Soghluaisteachta AE, bhíomar i mbun feachtais i gcomhair caighdeáin níos láidre le haghaidh gnéithe sábháilteachta feithicle. Cinnteofar leis an rialachán sin go ndéanfar carranna, trucailí agus busanna níos sábháilte sna deich mbliana atá romhainn agus go bhfeisteofar gnéithe sábháilteachta i ngach feithicil mar bhunsaoráid.

## Reachtaíocht agus beartas AE/náisiúnta

- Le linn 2019, thosaíomar ag ullmhú i gcomhair tabhairt isteach Rialachán maidir le Creat nua i gcomhair Cineálcheadú Mótarfheithiclí. Is sraith é sin de chaighdeáin sábháilteachta agus cháilíochta nach mór do dhéantóirí feithiclí nua i gcomhair mhargadh an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. Áirítear leo sin riachtanais na hÉireann maidir le deimhniú cineálcheadaithe a dhréachtú go dlíthiúil.
- Chríochnaíomar an chéad chéim de na dlíthe náisiúnta tráchta tánaisteacha a athrú chun dáta (i.e. na Rialacháin maidir le Tógáil, Trealamh agus Úsáid Feithiclí). Chuaigh an chéad chéim sin i gcomhpháirt le 51 ionstraim reachtúla ó na 3 phríomhshraith dlíthe inseirbhíse feithicle.
- Bhíomar freagrach as reachtaíocht a sholáthar i gcomhair athrú éasca Breatimeachta maidir le táirgeadh feithiclí (trucailí agus busanna) na hÉireann, agus caighdeáin chuí sábháilteachta agus comhshaoil feithicle á gcomhlíonadh ag an am céanna. Rinneamar ionadaíocht d'Éirinn sa Bhruiséil ag Meitheal na Comhairle. Rinneamar idirbheartaíocht maidir le beartas na hÉireann ar chaighdeáin feithiclí agus dálaí margaidh na bhfiontar beag agus meánmhéide in Éirinn a chóimeálann feithiclí.

## Bainistíocht faisnéise teicniúla

In 2019, leanamar ar aghaidh ag obair ar aird an phobail a tharraingt ar theorainneacha tarraingthe feithiclí. D'oibríomar le hEolaire IFA, Bliainiris Teagasc, Farmers Forum, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus le Seó Thulach Mhór chun teachtaireacht na tarraingthe sábháilte a chur chun cinn.

Is é an aidhm atá againn freagraí simplí a thabhairt ar cheisteanna ón bpobal maidir leis na caighdeáin ba cheart dá bhfeithiclí a chomhlíonadh faoi dhlí na hÉireann. Chuige sin, d'fhoilsíomar raon ceisteanna coitianta ar ábhair éagsúla ar ár suíomh Gréasáin. Ar na topaicí tá tarracóirí talmhaíochta, feithiclí tráchtála agus paisinéirí, agus gluaisrothair.

### Oibríochtaí custaiméirí in 2019

**3,230**

iarratais ar cheadúnas maidir le hearraí contúirteacha a iompar (ADR) a próiseáladh anuraidh trínár seirbhís ar líne 24/7

**15,210**

feithiclí ar eisíodh maolú um dheireadh sraithe chucu

**8**

feithiclí seirbhíse poiblí ar eisíodh ceadúnas speisialta chucu lena n-oibriú ar bhóithre poiblí a cheadú

**2,500**

cheist theicniúla freagartha

In 2019, leanamar ar aghaidh ag déanamh seiceálacha ar fheithiclí tráchtála agus ar a dtiománaithe lena chinntiú go gcloíonn siad le rialacha sábháilteachta ar bhóithre. Leanamar ar aghaidh freisin ag cur na rialacha sin i bhfeidhm, in éineacht leis an nGarda Síochána.

Baineann ár bhfoireann forfheidhmithe túslíne úsáid as aip forfheidhmithe ar a bhfón, a thugann dóibh an fhaisnéis atá uathu chun a bpost. Díríonn ár straitéis forfheidhmithe ar oibreoirí agus ar thiománaithe a bhriseann na rialacha, agus is é an toradh atá uirthi go n-íoslaghdaítear míchaoithiúlacht dóibh siúd a chloíonn leis na rialacha.




# Caighdeáin Feithiclí, Tástáil agus Forfheidhmiú

ar lean

I ndiaidh nós imeachta tairisceana in 2019, ceapadh Applus Inspection Services Ireland Ltd ina chonraitheoir chun an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán a chur ar fáil ó 2020 go dtí 2030.

In 2019, rinneamar athbhreithniú straitéiseach freisin ar an tslí a ndéantar Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT) a sheachadadh. Chuige sin, labhraíomar le raon páirtithe leasmhara, lenar áiríodh na cumainn ábhartha ionadaíochta. Bainfimid úsáid as torthaí an athbhreithnithe sin mar threoirphlean chun an Córas Tástála Feithiclí Tráchtála a fhorbairt i ndiaidh 2024.

Thosaíomar freisin ar chartaí tacagraif cliste a eisiúint roimh spriocdháta rialacháin AE i Meitheamh 2019.



## An Breatimeacht

Chun ullmhú don Bhreatimeacht, leanamar ar aghaidh ag obair chun na dúshláin a bhaineann leis a thuiscint, agus chuireamar bearta cuí i bhfeidhm chun a dhrochthionchar a laghdú. D'oibríomar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar nithe ábhartha, lena n-áirítear an gá le reachtaíocht nua.

## Reachtaíocht agus beartas AE/náisiúnta

D'oibríomar le Coimisiún an Aontais Eorpaigh ar thograí nua dlíthiúla maidir le reachtaíocht a d'fhéadfaimis a úsáid le haghaidh uaireanta tiománaithe, tacagraf agus rialacha eile.

| | An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán (NTG) | Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT) |
|---|---|---|
| An líon tástálacha iomlána a cuireadh i gcrích | 1,390,586 | 508,445 |
| Pasráta ar thástálacha iomlána | 49.9% | 62% |
| Torthaí Teipe Contúirtí | 92,523* | 31,676 |
| Na comhpháirteanna ba mhó teip | ■ Soilse<br>■ Crochadh agus stiúradh<br>■ Coscáin<br>■ Boinn | ■ Coscáin<br>■ Soilse<br>■ Stiúradh agus crochadh<br>■ Boinn |

* Ag teacht sna sála ar Threoir nua 2014/45/AE, is amhlaidh ó Lúnasa 2018 i leith go n-aicmítear líon níos mó fabhtanna mar Theip Chontúirteach anois, mar shampla boinn fhabhtacha agus fadhbanna coscáin. Mar sin, ní féidir na figiúirí seo a chur i gcomparáid le blianta roimhe sin.

## Toilleadh TNG

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Ionaid tástála NTG | 47 | 47 |
| Cigirí feithiclí NTG | 547 | 553 |

## Pasrátaí/teiprátaí TNG

Bhí méadú beag ann sna pasrátaí céaduaire in 2019, rud a d'ardaigh go 49.98%. Flít ní b'óige ba chúis leis sin den chuid is mó.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Pasrátaí céaduaire | 49.98% | 49.24% |
| Meánaois feithicle | 8.2 bliain | 8.33 bliain |

## Dianmhonatóireacht NTG

Déanaimid feidhmíocht NTG a mhonatóiriú agus roinnt eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) á n-úsáid againn. Áirítear leo sin seirbhís fhoriomlán do chustaiméirí, a léiríonn gur sháraigh an conraitheoir NTG na híoschaighdeáin le linn 2019.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Meán-aga feithimh le haghaidh NTG (ETF níos lú ná 14 lá) | 8.38 lá | 5.39 lá |

## Feidhmíocht CVRT maidir le tástáil a bheith in am

Léirítear sa tábla seo a leanas an comhlíonadh tástála in am de chuid na bhfeithiclí tráchtála a tástáladh laistigh d'aon mhí amháin ó dháta dlite a dtástála.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Gach feithicil CVRT | 70% | 66% |
| Feithiclí tráchtála éadroma (LCVanna) | 66% | 63% |
| Feithiclí tráchtála troma (HCVanna) 3.5 go 7.5 tonna | 68% | 65% |
| Busanna móra | 89% | 89% |

## Monatóireacht ar fheidhmíocht CVRT

Mar chuid de dhianchlár monatóireachta agus maoirseachta, scrúdaíomar ionaid CVRT agus tástálaithe CVR le linn 2019.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Imscrúduithe ar ionaid tástála CVR | 1,812 | 2,056 |
| Imscrúduithe breathnaithe ar thástálaithe CVR | 2,614 | 3,332 |
| Imscrúduithe neamhspleácha ar thástálaithe CVR | 1,456 | 1,865 |

**47**

Ionaid tástála NTG

**50%**

Pasrátaí céaduaire NTG

**1,812**

Imscrúduithe ar ionaid tástála CVR

**70%**

Feidhmíocht CVRT maidir le tástáil a bheith in am

# Caighdeáin Feithiclí, Tástáil agus Forfheidhmiú
ar lean

## Forfheidhmiú agus comhlíonadh

Déanaimid imscrúduithe cois bóthair agus áitribh araon. Tá siad mar chuid dár straitéis forfheidhmithe lena chinntiú go bhfuil oibreoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála ag leanúint na rialacha.

### Seiceálacha cois bóthair – ródacmhainneacht

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| An líon seicphointí | 1,681 | 1,351 |
| An líon feithiclí a seiceáladh | 11,346 | 10,392 |
| An líon feithiclí as an stát a seiceáladh | 1,171 | 957 |
| An líon feithiclí a raibh fabhtanna contúirteacha acu a aimsíodh | 444 | 501 |
| An líon feithiclí a raibh fabhtanna móra acu a aimsíodh | 2,927 | 2,774 |
| An ráta comhlíonta | 48% | 44% |

### Iniúchtaí ar áitribh oibreoirí – ródacmhainneacht

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| An líon iniúchtaí | 4,918 | 5,292 |
| An líon feithiclí a seiceáladh | 3,040 | 2,444 |
| Treoracha a eisíodh | 617 | 788 |
| Ráta comhlíonta na chéad chuairte | 44% | 39% |
| Ráta comhlíonta an dara cuairt | 65% | 56% |

### Seiceálacha cois bóthair – seiceálacha uaireanta tiománaithe, tacagraif agus ceadúnaithe oibreoirí

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| An líon tiománaithe a seiceáladh | 2,384 | 2,218 |
| An líon tiománaithe as an stát a seiceáladh | 275 | 219 |
| An líon iomlán taifead a seiceáladh | 56,202 | 50,262 |
| An líon sáruithe a aimsíodh | 2,879 | 1,937 |
| An líon ionchúiseamh a tosaíodh | 229 | 149 |
| An ráta comhlíonta | 65% | 71% |




### Iniúchtaí ar áitribh – seiceálacha ar uaireanta tiománaithe, tacagraif agus ceadúnaithe oibreoirí

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| An líon iniúchtaí | 171 | 197 |
| An líon taifead tiománaithe a seiceáladh | 2,540 | 2,890 |
| An líon laethanta oibre a anailísíodh | 320,278 | 410,944 |
| An líon sáruithe a aimsíodh | 4,775 | 6,936 |
| An líon ionchúiseamh a tosaíodh | 34 | 27 |
| An ráta comhlíonta | 25% | 23% |


### Acmhainní forfheidhmithe ar fáil

| Amhail deireadh na bliana | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| An líon cigirí feithiclí | 18 | 13 |
| An líon oifigeach Iompair | 19 | 16 |

### Rath RSA sa chúirt

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| An líon cásanna a ionchúisíodh go rathúil sa chúirt | 108 | 132 |

## Ionaid tástála NGT agus ionaid tástála CVR de réir contae




- Ionaid tástála NTG
- Ionaid tástála CVR

**Ionaid tástála NTG**

**47**

**Ionaid tástála CVR**

**149**

# An Fhoireann Bhainistíochta



**Moyagh Murdock***
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
A d'fhág an 31 Márta 2020



**Denise Barry**
Stiúrthóir um Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht



**Pearse White**
Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Tráchtála



**Michael Rowland**
Stiúrthóir um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe



**Declan Naughton**
Stiúrthóir um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe



**Liam Duggan**
Stiúrthóir um Chaighdeáin Feithiclí, Tástáil agus Forfheidhmiú

Áirítear leis an gcuid eile den fhoireann ceannaireachta:

**Gerry McGuire**
Ceann TFC

**Alison Coleman**
Ceann Acmhainní Daonna

***Caroline Greene/Maria Holmes**
Príomh-Innealtóir

***John Caulfield**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach
Gníomhach amhail an 31 Márta 2020

## Struchtúr eagrúcháin RSA

Táimid eagraithe inár dtrí stiúrthóireacht túslíne mar seo a leanas:

- Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe
- Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
- Caighdeáin Feithiclí, Tástáil agus Forfheidhmiú

Tugann an rannóg Acmhainní Daonna, an Stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Tráchtála agus an Stiúrthóireacht um Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht tacaíocht do na Stiúrthóireachtaí túslíne.

| | |
|---|---|
| **Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe** | Is é ról na Stiúrthóireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe ná feasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre a mhúscailt, oiliúint a chur ar úsáideoirí bóithre agus taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna um shábháilteacht ar bhóithre. Tá an stiúrthóireacht freagrach freisin as rialáil an tionscail teagascóirí tiomána agus as an Teastas Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil.<br><br>Oibríonn an stiúrthóireacht leis na páirtithe leasmhara uile a chláraigh don *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* ón rialtas lena chinntiú go mbaintear amach tionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre. |
| **Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe** | Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras tástála tiománaithe agus as ceadúnú tiománaithe. Is é aidhm obair na stiúrthóireachta ná a chinntiú go ndéanaimid tiománaithe sábháilte a cheadúnú ionas go mbeidh ar mbóithre sábháilte do na húsáideoirí uile. |
| **Caighdeáin Feithiclí, Tástáil agus Forfheidhmiú** | Tá sé de chúram ar ár bhfoireann Caighdeán Feithiclí forbairt a dhéanamh ar riachtanais agus ar bheartais maidir le caighdeáin feithiclí agus tástáil theicniúil ródacmhainneachta. Cuirimid faisnéis theicniúil shaineolaíoch ar fáil don tionscal agus don phobal i gcoitinne. Leanaimid ar aghaidh ag iarraidh caighdeán na bhfeithiclí ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú trí chaighdeáin shábháilteachta nua a thabhairt isteach agus tríd an tábhacht a bhaineann le feithicil a chothabháil i gceart a chur chun cinn. Déanaimid monatóireacht ghrinn ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta agus forbairtí domhanda i dteicneolaíochtaí feithiclí lena ndéantar sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú.<br><br>Tá ár Stiúrthóireacht um Thástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú freagrach as roinnt feidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht agus tástáil feithiclí, mar aon le comhlíonadh a fheabhsú chun bainistíocht éifeachtach shábháilte na bhfeithiclí ar ár mbóithre a chinntiú. Tá an stiúrthóireacht freagrach chomh maith as reachtaíocht um shábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú maidir le feithiclí tráchtála agus a gcuid tiománaithe. |
| **Airgeadas, Seirbhísí Tráchtála agus Acmhainní Daonna** | I measc na bhfeidhmeanna tacaíochta a chuirtear ar fáil don eagraíocht tá acmhainní daonna, airgeadas agus rialachas corparáideach, soláthar, sláinte agus sábháilteacht, saoráil faisnéise, cosaint sonraí, agus bainistíocht eastáit, saoráidí agus flít. |
| **Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht** | Is é an ról atá againn soláthar an *Phlean Chorparáidigh 2016-2020* a mhaoirsiú agus tacú leis, mar aon le tacaíocht a thabhairt don ghnólacht trí raon feidhmeanna, lena n-áirítear bainistíocht rathúil athruithe agus bainistíocht tionscadal, dearadh gnó, TFC, tionscnaimh um shármhaitheas oibriúcháin, cúram do chustaiméirí agus seirbhísí dlí. |

# Plean Corparáideach 2016–2020

## Is é fís luaite ár *bPlean Chorparáidigh 2016–2020* ná go n-aithnítear sinn mar phríomhghuth sa tsábháilteacht ar bhóithre sa tír seo agus mar phríomhghuth ar fud an domhain, agus muid ag spreagadh athruithe ar dhearcthaí agus ar iompraíocht úsáideoirí bóithre agus ag comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun beatha daoine a shábháil.

Tá freagracht ar an Stiúrthóireacht um Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht as soláthar ár bPlean Chorparáidigh a chomhordú agus as cuidiú leis trí ailíniú straitéiseach ar fud RSA trína chinntiú go mbíonn gach duine ag obair ar son na gcuspóirí céanna agus go ndéantar ár bpleananna gnó agus ár mbearta gnó a ailíniú. Is é ról na stiúrthóireachta chomh maith tacú leis an ngnólacht thar raon feidhmeanna dár gcuid, lena n-áirítear bainistíocht rathúil athruithe agus tionscadal, dearadh gnó, cumasú TFC, éirim ghnó agus tionscnaimh shármhaitheasa oibriúcháin.



## Gealltar sa Phlean Corparáideach go gcuirfear chúig bheart straitéiseacha i gcrích:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | **Aistear comhtháite custaiméara** | Faoi 2020, gheobhaidh gach custaiméir seirbhís ó RSA atá cost-éifeachtúil, tráthúil agus ar chaighdeán níos fearr. |
| 2 | **Tá ár ndaoine ina gcuid dhílis de gach a ndéanaimid** | Faoi 2020, beidh timpeallacht réamhghníomhach rannpháirtíochta fostaithe againn, mar a gcuirfear béim ar leith ar chultúr, feidhmíocht, cumarsáid inmheánach, pleanáil comharbais, foghlaim agus forbairt. Is é an toradh a bheidh air sin go mbeidh caidreamh éifeachtach ann idir custaiméirí agus comhpháirtithe go gcuirfidh fostaithe RSA chun cinn lasmuigh den eagraíocht. |
| 3 | **An cumas agus an inniúlacht chun feidhmíocht a sheachadadh agus a fheabhsú** | Faoi 2020, cuirfidh ár gcuid próiseas, córas agus teicneolaíochtaí seirbhísí éifeachtúla fónta ar fáil do chustaiméirí, lena n-áirítear foilsiú na n-eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) |
| 4 | **Ardán éifeachtach do thodhchaí RSA** | Faoi 2020, beidh straitéis rannpháirtíochta curtha chun feidhme againn agus leanfaimid orainn ag tógáil ár gcomhpháirtíochta leis na príomhpháirtithe leasmhara sin a bhfuil an tionchar is mó acu ar shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre. Déanfaimid sonraí a bhailiú, a thiomsú agus a úsáid chun cúiseanna a nascadh go díreach le bearta ceartaitheacha ar leith chun sábháilteacht a sheachadadh do gach úsáideoir bóithre. |
| 5 | **Gníomhaíocht spriocdhírithe agus comhoibriú chun athrú a spreagadh** | Faoi 2020, beidh ardán don fhás cruthaithe againn lena ndéanfar an aimsir a sheasamh dár soláthar seirbhíse, beidh samhaltán inbhuanaithe airgeadais cruthaithe do RSA, agus beidh TFC nua-aimseartha leabaithe ann, lena gcumasófar oibriúchán ó cheann ceann agus eagraíocht fheidhmiúil. Déanfaidh RSA a chuid oibre go digiteach mar ghnás agus beidh an tslándáil fíorthábhachtach. |

# Seirbhísí Corparáideacha agus Tacaíochta RSA

Tá struchtúr seanbhunaithe tacaíochta agus seachadta seirbhíse in RSA. Cumhdaítear sna réimsí sin tacaíocht don bhord, rialachas corparáideach, airgeadas, soláthar, bainistíocht conarthaí, soláthar áiseanna, soláthar flít, rialachas sonraí, saoráil faisnéise a riar, agus sláinte agus sábháilteacht.

Ba iad na buaicphointí a bhí againn in 2019:

- **An Bord** — leanúint le tacaíocht rialachais don Bhord chun a fheidhmeanna rialachais, formhaoirseachta agus treorach a sheachadadh
- **Rialachas corparáideach** — riachtanais chomhréireachta a sheachadadh faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016
- **Airgeadas** — modúl nua comhtháite speansas a sheachadadh i gcóras tuairiscithe airgeadais RSA
- **Soláthar** — roinnt próiseas soláthair ildisciplíneach an-mhór a sheachadadh
- **Áiseanna** — eastát nua a sheachadadh i nDún Dealgan, i mBéal an Átha agus i nDún Laoghaire agus dul chun cinn ábhartha maidir le heastát nua a sheachadadh i mBaile Locha Riach, sa Chabhán agus i nDroichead Átha in 2020
- **Flít** — flít nua a chur ar fáil agus a bhainistiú
- **Rialachas sonraí** — Creat Rialachais Sonraí RSA a chomhdhlúthú in 2019
- **Saoráil faisnéise** — bainistiú tráthúil iomchuí a dhéanamh ar iarrataí saorála faisnéise agus ar iarrataí Rochtana Ábhair Sonraí
- **Sláinte agus sábháilteacht** — leanúint le feabhsuithe sna measúnuithe riosca agus imscrúduithe sábháilteachta ar fud RSA




# Ár nDaoine

Is fostóir comhdheiseanna é RSA agus leanann sé ar aghaidh ag cur na héagsúlachta agus na cuimsitheachta chun cinn ina bheartais, ina nósanna imeachta agus ina chleachtais.




## Cothromaíocht inscne




## Meánchothromaíocht pá inscne



# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

## Achoimre ar an Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT) 2019

**Turas Comhtháite an Chustaiméara**

'Faoi 2020, gheobhaidh gach custaiméir seirbhís ó RSA atá cost-éifeachtúil, tráthúil agus ar chaighdeán níos fearr.'

Rinneamar dul chun cinn suntasach ar thionscadail straitéiseacha in 2019. Cabhróidh siad sin lenár gclár um Thuras Comhtháite an Chustaiméara (TCC) a fhorbairt. Tá go leor codanna i gceist sa chlár TCC. Déanfaimid na codanna tábhachtacha seo a leanas a sheachadadh trí roinnt tionscadal, a dtarlóidh cuid mhaith díobh thar roinnt blianta.

**Clár an Aistir Chomhtháite Custaiméara**

- Samhail soláthair na hOifige Tosaigh a chuíchóiriú
  - Athbhreithniú straitéiseach ar sheirbhísí na hOifige Tosaigh
  - Oifig Tosaigh NDLS
- Digitiú Seirbhísí
  - Ardán Réiteach Gnó
  - NDLS Ar Líne
- Féinseirbhís Custaiméirí
  - Bainistíocht Ceisteanna agus Eolais (QKTY)
  - Córas Bainistíochta Inneachair

## In 2019, chuireamar roinnt tionscadal tábhachtach i gcrích. Chríochnaíomar roinnt céimeanna tábhachtacha i mórthionscadail freisin a thiocfaidh i bhfeidhm in 2020:

- Chríochnaíomar Céim 1 agus 2 den tionscadal QKTy (Bainistíocht Ceiste, Bainistíocht Eolais agus Córas Teileafónaíochta) lenar tugadh isteach córas nua teileafóin VoIP agus bainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí (SugarCRM) d'fhoireann RSA agus Ionad Teagmhála do Chustaiméirí.
- Chríochnaíomar athbhreithniú straitéiseach ar ár seirbhísí oifige tosaigh agus ar an tseirbhís SNCT chun an tslí is fearr ar féidir ár seirbhísí oifige tosaigh a eagrú a shainaithint.
- D'fhorbraíomar ár dtionscadal Ardán Réiteach Gnó chun go mbeimis in ann é a chur i bhfeidhm i Meitheamh 2020. Is féidir linn ár dTairseach do Chustaiméirí a sheoladh ansin. Is córas ar líne do chustaiméirí é sin chun tástáil tiomána a chur in áirithe agus a sceidealú.
- D'fhorbraíomar an tionscadal SNCT ar líne chun go mbeimis in ann é a chur i bhfeidhm i lár 2020. Fágfaidh sé sin go mbeidh custaiméirí in ann iarratas a dhéanamh ar líne ar gach cineál iarratas SNCT.
- Bhronnamar an conradh le haghaidh an tionscadail um Chóras Bainistíochta Inneachair (CMS) go déanach in 2019. In 2020 déanfaidh an tionscadal sin straitéis bainistíochta inneachair agus córas bainistíochta inneachair a sheachadadh, mar aon le suíomh gréasáin nua do RSA go luath in 2021.



# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

ar lean

## Ionad Glaonna Custaiméirí

In 2018, thosaíomar clár athraithe chun seirbhís iontaofa, thráthúil agus chomhsheasmhach a sheachadadh dár gcustaiméirí trí roinnt ardán. Chun é sin a dhéanamh, tá córais nua tugtha isteach againn inár nIonad Glaonna Custaiméirí chun ár n-ardáin reatha do chustaiméirí a fheabhsú, e.g. chun ár gcórais fóin agus ríomhphoist a fheabhsú agus chun ardáin seirbhíse nua ar líne do chustaiméirí a chruthú amhail comhrá gréasáin agus foirmeacha ar líne.




Chun cabhrú leis sin, thugamar isteach córas nua bainistíochta fóin agus ceiste san Ionad in 2019. Cabhraíonn an córas nua sin linn ceisteanna custaiméirí a fhreagairt ar bhealach níos éifeachtúla agus níos pearsantaithe. Ligeann sé dúinn freisin leibhéil sásaimh fhoriomlána an chustaiméara a thomhas trí shuirbhéanna fóin a úsáid.

Ar an iomlán, ba bhliain ghnóthach don Ionad í 2019. Fuaireamar 384,792 ghlao, 9% níos mó ná 2018. Tharla an méadú sin mar thoradh ar bhorradh ar an líon iarratas ar sheirbhísí tástála tiománaithe agus ar an timthriall athnuachana trucail IGT Tiománaithe. A bhuí leis an gcóras feabhsaithe agus le héifeachtúlachtaí níos fearr sa rannóg, bhíomar in ann déileáil leis an líon méadaithe sin glaonna agus leibhéil seirbhíse do chustaiméirí a choinneáil ar bun gan gá a bheith againn le tuilleadh acmhainní.

Tacóidh na córais nua sin, mar aon le teicneolaíocht fheabhsaithe, lenár gclár feabhsaithe leanúnach san Ionad. Cabhróidh sé linn ár gcuspóir chun ionad barr feabhais seirbhíse do chustaiméirí a bhaint amach ina bhfaigheann gach custaiméir seirbhís atá ardchaighdeán, cost-éifeachtúil agus tráthúil.

**384,792**



glaonna a fuarthas in 2019

**2018: 350,000**
**▲9%**

## An Clár Sármhaitheasa Oibriúcháin

In 2019, bhí 116 thionscnamh nua ar fud na heagraíochta ann mar thoradh ar ár gClár Sármhaitheasa Oibriúcháin, a chuir feabhas ar ár seirbhís do chustaiméirí agus ar thaithí na foirne, agus a laghdaigh costais oibriúcháin trí phróisis ghnó a fheabhsú, lena n-áirítear uathoibriú róbatach próiseas (URP).

Chabhraigh ár dtionscnaimh feabhsaithe próisis lenár bhfoireann díriú ar thionscadail thábhachtacha, rud a chuirfidh feabhas breise ar ár seirbhísí. Mar shampla, rinneamar athruithe dár suíomh gréasáin a fhágann go bhfuil sé níos éasca do chustaiméirí a gceisteanna a chur ar an roinn cheart ar mhaithe le freagra níos tapa a fháil.

Rinneamar an próiseas chun a dtástálacha tiomána a chealú a uathoibriú freisin do chustaiméirí. Mar thoradh air sin, cuireadh 35,000 tástáil tiomána ar ceal go huathoibríoch trínár n-uirlisí uathoibrithe próisis ('botaí'), agus muid ag fáil réidh le tascanna láimhe atriallacha don fhoireann.

Chun leanúint le cultúr nuálaíochta in RSA a spreagadh, d'fhorbraíomar cúrsa oiliúna foirne um shármhaitheas oibriúcháin (LEAN) agus chuireamar é lenár suíomh oiliúna foirne darb ainm MyLearning. Spreag an cúrsa sin an fhoireann chun modhanna oibre níos éifeachtúla a aimsiú. Faoi dheireadh 2019, bhí an cúrsa déanta ag 77% den fhoireann.

### Cúrsaí Dlí

Tá sé mar chuspóir ag an Ionad um Chúrsaí Dlí comhairle agus treoir dlí slán phragmatach tráchtála a thabhairt don ghnó le linn dúinn a bheith ag tacú le plean corparáideach agus clár reachtaíochta RSA. Tacaímid le tionscadail thábhachtacha ar fud na heagraíochta agus buailimid go rialta leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun tosaíochtaí dlí RSA a bhrú chun cinn, i gcás na reachtaíochta príomha agus na reachtaíochta tánaistí araon.

| Próisis a uathoibríodh | Próisis atá le huathoibriú fós | An Clár Sármhaitheasa Oibriúcháin go dtí seo |
|---|---|---|
| **13** phróiseas | **7** bpróiseas | **2,673** lá |

**Spotsolas: ag aistriú i dtreo todhchaí féinseirbhíse**

| **20,940+** | **2,840+** | **558+** |
|---|---|---|
| Cealuithe SMS a próiseáladh | Cealuithe foirm Ghréasáin a próiseáladh | Laethanta oibre a sábháladh (go dtí seo) |

**Na nithe nach mór dúinn a dhéanamh**

- Tús áite a thabhairt do na gníomhaíochtaí uathoibrithe/digitithe a theastaíonn uainn chun ár ngnó a chur ar a bhoinn arís
- Tús a chur le níos mó gníomhaíochtaí a uathoibriú/a dhigitiú
- Cur lenár gcumas chun gníomhaíochtaí uathoibrithe/digitithe a sheachadadh trí pháirt a thabhairt do níos mó acmhainní de chuid RSA iontu

# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht
ar lean

## Anailísíocht sonraí

### Dul chun cinn le sonraí

| | |
|---|---|
| **Tionscnaimh shonraí a seachadadh** | In 2019, chuireamar seirbhís anailísíochta sonraí ar fud na heagraíochta ar bun. Is é an ról atá aici ná ár dtionscnaimh shonraí go léir a chur in ord tosaíochta, a phróiseáil agus a rianú. |
| **Ár spriocanna straitéiseacha** | Ceann de na príomhchuspóirí corparáideacha straitéiseacha atá againn is ea a bheith inár n-eagraíocht atá lándírithe ar shonraí. Chun é sin a bhaint amach, is gá dúinn plean sonraí soiléir OneRSA a bheith againn. Go déanach in 2019, thosaíomar ar thionscadal chun Straitéis Sonraí agus Anailísíochta ar fud na heagraíochta a fhorbairt. |
| **Sonraí a thuiscint** | Aithnímid go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag baint lenár scileanna sonraí reatha a fhorbairt má thugtar le chéile í leis an eolas ollmhór gnó atá ann cheana féin in RSA. Mar sin, dhíríomar ar na scileanna sonraí sin a fhorbairt. Rinneamar é sin trí oiliúint phraiticiúil dhírithe rialta agus imeachtaí comhroinnte eolais foirne don fhoireann anailísíochta sonraí agus do ranna eile in RSA araon. |
| **Oideachas agus comhoibriú** | Thosaíomar freisin ag obair le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, in 2019. Thugamar an deis d'fhochéimí amháin obair ar cheann dár dtionscnaimh shonraí. |

**20**

tionscnaimh shonraí a seachadadh in 2019

**3**

uirlisí sonraí nua: Tableau, R, agus Python

**25**

laethanta oiliúna dírithe sonraí a reáchtáladh

## TFC

In 2019, lean ár bhfoireann TFC ar aghaidh ag imirt ról lárnach maidir le tionscadail teicneolaíocha ón treochlár TFC a sheachadadh.

### Bonneagar agus slándáil TFC

- Shuiteálamar bonneagar nua TFC.
- Rinneadh iniúchadh seachtrach slándála TFC ar thrí réimse ar leith dár mbonneagar i Samhain 2019.
- In 2019, cuireadh an chéad fheidhmchlár (bainistíocht caidrimh le custaiméirí SugarCRM le haghaidh bainistíochta ceiste ó chustaiméirí) i bhfeidhm. Comhtháthaíonn sé le Seirbhísí Sonraí Comhdhlúite (SSC) RSA, a chuireann ar chumas fhoireann RSA rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi chustaiméirí, mar shampla, an Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe, an Córas Feidhmchláir Tástála Tiománaithe, an Teastas Inniúlachta Gairmiúla, an Tástáil Tiomána Éigeandála agus Teagascóir Tiomána Formheasta. Tá foireann an Ionaid Chúram Custaiméirí in ann teacht ar an bhfaisnéis sin go tapa leis.

### Bainistíocht Seirbhíse TFC

An príomhthionscadal a bhí againn in 2019 ba ea crua-earraí ríomhaire na foirne a athsholáthar ina iomláine. Áiríodh leo sin ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine, agus bhí breis is 400 gléas i gceist. Áiríodh leis an obair sin freisin an córas oibriúcháin a uasghrádú ó Windows 7 go Windows 10.

Tacaíonn an ról seo leis na gníomhaíochtaí TFC go léir trína chinntiú go bhfuil na páirtithe agus na conarthaí teicneolaíochta is fearr ag TFC, agus comhaontuithe láidre ar leibhéal na seirbhíse i bhfeidhm.

**263**

freastalaithe a óstáladh inár nIonad Sonraí

**42 TB**

an méid sonraí a stóráladh inár nIonad Sonraí

**Is ionann é sin agus geall le 5.5 milliún grianghraf digiteach**

**9,411**

teagmhais/iarrataí seirbhíse

# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht
ar lean

## An tÚdarás Dearaidh

I rannóg an Údaráis Dearaidh, féachaimid ar RSA ina iomláine agus ar a chuspóirí fadtéarmacha. Féachaimid ar cé na scileanna gnó, an teicneolaíocht, an fhaisnéis agus na huirlisí dearaidh a theastaíonn ónár n-eagraíocht chun freastal ar ár gcustaiméirí chomh maith agus is féidir linn. Déanaimid iarracht fadhbanna a laghdú trí réitigh chuí ghnó a aimsiú lena n-úsáid ar fud RSA chun ár sprioc OneRSA a bhaint amach.


In 2019, ba é an rud a rabhamar ag díriú air go príomha ná teicneolaíochtaí agus próisis a dhearadh agus a fhorbairt ionas go mbeimis in ann Turas Comhtháite an Chustaiméara a chur ar fáil dár raon leathan custaiméirí. Áirítear leo sin tiománaithe faoi oiliúint, tiománaithe ceadúnaithe, tiománaithe gairmiúla, úinéirí feithicle agus oibreoirí iompair. Is é an sprioc atá againn cabhrú le custaiméirí na seirbhísí ar líne ar fad atá againn a úsáid in ionad a bheith ag glaoch orainn nó ag bualadh isteach san oifig iad féin. Trí theacht ar bhealaí chun é sin a dhéanamh, táimid ag dul céim amháin níos gaire dá bheith inár n-eagraíocht custaiméirdhírithe.

Cuirfidh Tairseach nua do Chustaiméirí RSA eispéireas seirbhíse soiléir iomlán ar fáil dár gcustaiméirí, cé nach mbeidh roinnt de na codanna den tseirbhís ar fáil ar líne ar feadh tamaill.

Bhí córas bainistíochta eolais i measc na dtrí chuid den tairseach a chríochnaíomar i mbliana. Tá 450 alt faisnéise tugtha cothrom le dáta againn. Táimid ag úsáid na n-alt sin le haghaidh na tairsí do chustaiméirí, le haghaidh suíomhanna gréasáin corparáideacha agus le haghaidh ár gcórais nua bhainistíochta ceiste. Cabhróidh sé sin linn a chinntiú go bhfuil bealach comhsheasmhach againn chun faisnéis a sheachadadh dár gcustaiméirí, is cuma cén chaoi a dtéann siad i dteagmháil linn agus cén áit a ndéanann siad amhlaidh.

Chun tacú lenár gcuid oibre, déanaimid anailís chúramach ar an gcaoi a dtéann ár gcustaiméirí i dteagmháil lenár seirbhísí agus ar cén áit a ndéanann siad amhlaidh. Féachaimid air sin ó thaobh ár gcustaiméirí éagsúla go léir de. Ansin, forbraímid 'léarscáileanna turais' dóibh agus muid ag oibriú ar na céimeanna éagsúla de thionscadal na tairsí.

Tá Treoirlínte Dearaidh Digitigh RSA forbartha againn chomh maith chun tacú leis an tseirbhís OneRSA. Cabhróidh sé sin lena chinntiú go mbíonn eispéireas comhsheasmhach ar líne ag ár gcustaiméirí ar fud ár n-ardán digiteach ar fad. Táimid ag úsáid na dtreoirlínte dearaidh sin ar ár dtairseach agus ar gach forbairt dhigiteach nua.



# **Ráitis Airgeadais**
# Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019


59 —— Faisnéis Ghinearálta

60 —— Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

62 —— An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

69 —— An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

72 —— An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe

73 —— An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

74 —— An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

75 —— An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

76 —— Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

# Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Seoladh** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe<br>Cnoc an tSabhaircín<br>Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo |
| **Feidhmeannach Sinsearach** | Moyagh Murdock Uasal – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (a d'éirigh as an 31 Márta 2020) |
| | An tUasal John Caulfield – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach (ón 1 Aibreán 2020) |
| | An tUasal Pearse White – Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais & Seirbhísí Tráchtála |
| | Denise Barry Uasal - Stiúrthóir Straitéise, Beartais & Teicneolaíochta |
| | An tUasal Liam Duggan - Stiúrthóir um Thástáil Feithiclí & Forfheidhmiú |
| | An tUasal Declan Naughton – Stiúrthóir um Thástáil & Ceadúnú Tiománaithe |
| | An tUasal Michael Rowland – Stiúrthóir um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde & Oideachas Tiománaithe |
| | Caroline Greene Uasal – Príomhinnealtóir, Caighdeáin Feithiclí |
| **Comhaltaí an Bhoird** | Liz O'Donnell Uasal (cathaoirleach) |
| | An tUasal Kevin Goulding |
| | An tUasal Dimitris Karagiorgis |
| | Gillian Treacy Uasal |
| | Donna Price Uasal |
| | An tUasal Eddie Rock (chuaigh a théarma in éag an 13 Meán Fómhair 2019) |
| | An Dr Áine Carroll (chuaigh a téarma in éag an 13 Meán Fómhair 2019) |
| | An tUasal John Lumsden (chuaigh a théarma in éag an 30 Deireadh Fómhair 2019) |
| | Aileen O'Toole Uasal (chuaigh a téarma in éag an 2 Samhain 2019) |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Sráid an Phiarsaigh<br>Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Suíomh Gréasáin** | www.rsa.ie |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Cuimsítear leis na ráiteas airgeadais

- an ráiteas ar Ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid le haghaidh 2019 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### *Bonn na tuairime*

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla i gcomhréir leis na caighdeáin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá bailithe agam leordhóthanach iomchuí chun bonn a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Chuir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cuntas tugtha san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le faisnéis dá leithéid, agus maidir le nithe eile a dhéanaim a thuairisciú mar eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**An 16 Iúil 2020**

## Aguisín leis an tuarascáil

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird**

Faoi mar a leagtar amach sa ráiteas rialála agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an bhoird freagrach as na nithe seo a leanas

- Ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Éillítear orm faoi alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre a iniúchadh agus chun tuairisciú orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is éard is aidhm agam agus mé ag cur an iniúchta i gcrích ná cinnteacht réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna in ann míshonrú ábhartha a bhrath i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach a bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád ar feadh an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí go ndéanfaí míshonrú ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur ar fáil le mo thuairim. Is mó an riosca nach ndéanfaí míshonruithe ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide mar d'fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist leis an gcalaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí do na himthosca, ach ní ar mhaithe le tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus ar rudaí gaolmhara a nochtar.
- Tagaim ar chonclúid maidir leis an gceist an bhfuil sé cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, an bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a mbeadh amhras suntasach ann dá mbarr faoi chumas an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre chun dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura mbíonn na nochtuithe sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an láithreoireacht fhoriomlán, ar struchtúr agus ar inneachar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na rudaí a nochtadh, agus cibé an léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na teagmhais bhunúsacha ar dhóigh lena dtugtar léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar shainchúram orthu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme beartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn an iniúchta.

***Faisnéis seachas na ráitis airgeadais***

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim maidir leis na ráitis sin agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin á dhéanamh, déanaim machnamh ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaim amach go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, éillítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ghnóthaí eile***

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím más amhlaidh go bhfuil gnéithe ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aimsím aon chás ábhartha a bheith ann nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun críocha a ceapadh dó nó nuair nach raibh idirbhearta ag géilleadh do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím trí eisceacht freisin má tharla na rudaí a leanas, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta imleor chun ligean d'iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Tá oibríochtaí an Bhoird leagtha amach in alt 14, alt 15 agus alt 16 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá sé freagrach as dea-rialachas a áirithiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomh-shaincheisteanna gnó uile. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus feidhmeannas RSA atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil RSA. Ní mór don POF agus don fheidhmeannas cloí leis na treoracha straitéiseacha leathana a leanúint arna leagan síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar na rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta RSA.

## Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTéarmaí Tagartha agus Clár Oibre Bliantúil an Bhoird, a n-áirítear leo freisin na nithe atá forchoimeádta go sainiúil do chinneadh an Bhoird. Áirítear leis na buanmhíreanna a chuireann an Bord san áireamh:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí, lena n-áirítear an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR).
- tuarascálacha feidhmíochta

Éillítear le halt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 ar Bhord an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre go gcoinníonn sé, i gcibé foirm a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann agus a chaitheann an tÚdarás.

Éilítear ar Bhord RSA na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin más rud é nach bhfuil sé iomchuí a thoimhdiú go leanfaidh sé i mbun feidhme
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choimeád lena léirítear, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinne CIR measúnú ar fheidhmíocht RSA i rith na bliana trí thagairt don phlean gnó bliantúil agus don bhuiséad bliantúil, agus thuairiscigh an coiste sin an méid sin don Bhord.

Tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir le ráitis airgeadais an RSA ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an RSA amhail an 31 Nollaig 2019.

## Struchtúr an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2019, cuimsíodh leis an mBord Cathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhaltaí, agus ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gach duine acu. Tagann comhaltaí an Bhoird le chéile deich n-uaire in aghaidh na bliana.

Ón 30 Deireadh Fómhair 2019 i leith, tá níos lú comhaltaí ar an mBord ná mar ba cheart a bheith ann de réir alt 14(3) den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, is é sin Cathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltaí. Faoi láthair, tá an Bord ag leanúint de bheith ag oibriú agus ag teacht le chéile leis an gcomhaltas reatha, is é sin Cathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhaltaí, rud a chomhlíonann a cheanglais chóraim de chúigear (5) mar a leagtar amach in alt 16(7)(a) den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Tá an tÚdarás i dteagmháil leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoi láthair maidir le ceapachán ceathrar gnáthchomhaltaí nua chun a chomhaltas a thabhairt os cionn a íosleibhéil reachtúil.

Mar gheall ar théarmaí chomhaltaí an bhoird a bheith ag dul in éag in 2019, níor tháinig an Coiste Luacha Saothair le chéile. Dhíscaoil an Bord an Coiste Rialachais in 2019 toisc gur bhain sé amach an cuspóir tiomnaithe a bhí aige, mar a bhí beartais agus nósanna imeachta Rialachais an Bhoird a bhaineann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Sonraítear an tréimhse cheapacháin le haghaidh na gcomhaltaí reatha sa tábla thíos.

| Comhalta de chuid an Bhoird | Ról | Fad an Cheapacháin | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|---|
| Liz O'Donnell Uasal | Cathaoirleach | 5 bliana | 29 Deireadh Fómhair 2019 |
| An tUasal Kevin Goulding | Gnáthchomhalta | 3 bliana | 14 Lúnasa 2017 |
| An tUasal Dimitris Karagiorgis | Gnáthchomhalta | 3 bliana | 21 Meán Fómhair 2017 |
| Gillian Treacy Uasal | Gnáthchomhalta | 3 bliana | 01 Eanáir 2018 |
| Donna Price Uasal | Gnáthchomhalta | 3 bliana | 01 Eanáir 2018 |

Comhaltaí a ndeachaigh a dtéarma in éag in 2019

| | | | |
|---|---|---|---|
| An tUasal Eddie Rock | Gnáthchomhalta | 3 bliana | 14 Meán Fómhair 2016 |
| An Dr Áine Carroll | Gnáthchomhalta | 3 bliana | 14 Meán Fómhair 2016 |
| An tUasal John Lumsden | Gnáthchomhalta | 5 bliana | 31 Deireadh Fómhair 2014 |
| An tUasal Aileen O'Toole | Gnáthchomhalta | 5 bliana | 03 Samhain 2014 |

Cuimsítear beirt chomhaltaí Boird leis an **gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)** mar aon le comhalta comhthofa neamhspleách amháin. Is é ról CIR tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as dearbhú gaolmhar. Tá CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go mór mór, cinntíonn an coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe.

Is iad comhaltaí CIR an tUas. Kevin Goulding (cathaoirleach), an tUas. Dimitris Karagiorgis agus an tUas. Michael Flynn, comhalta comhthofa neamhspleách. Tionóladh cúig chruinniú de CIR in 2019.

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

ar lean

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal an tinrimh ag cruinnithe an bhoird agus na gcoistí le haghaidh 2019 leagtha amach thíos agus áirítear leis na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

| | Bord | CIR | CLS | Táillí Boird/ Coiste 2019 € | Speansais Dheimhnithe 2019 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | **10** | **5** | **-** | | |
| **Comhaltaí an bhoird reatha** | | | | | |
| Liz O'Donnell Uasal (cathaoirleach) | 10 | | | 11,970 | 255 |
| An tUasal Kevin Goulding | 9 | 4 | | 7,695 | 216 |
| An tUasal Dimitris Karagiorgis | 9 | 5 | | 7,695 | 216 |
| Gillian Treacy Uasal | 6 | | | 7,695 | 1,307 |
| Donna Price Uasal | 9 | | | - | 2,091 |
| An tUasal Michael Flynn (comhalta comhthofa CIR) | | 5 | | 2,500 | - |
| **Comhaltaí a ndeachaigh a dtéarma in éag in 2019** | | | | | |
| An tUasal Eddie Rock (líon ionchasach 7) | 7 | | | 5,416 | 621 |
| An Dr Áine Carroll (líon ionchasach 7) | 5 | | | - | 216 |
| An tUasal John Lumsden (líon ionchasach 10 agus 4) | 9 | 4 | | 6,399 | 216 |
| Aileen O'Toole Uasal (líon ionchasach 10 agus 4) | 10 | 3 | | 6,461 | 359 |
| **Iomlán** | | | | **55,831** | **5,497** |

Ní bhfuair comhalta amháin den bhord táillí boird in 2019, i gcomhréir leis an bprionsabal 'duine amháin tuarastal amháin'. Arna iarraidh sin ag comhalta eile den bhord, in ionad a tháillí a fháil, íocadh amach iad mar thabhartas carthanúil.

Ba é 88% an meánfhreastal ar chruinnithe an Bhoird in 2019.

**Athruithe ar Phríomhphearsanra**

Bord

I gcomhréir leis an Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006, chuaigh na téarmaí de chuid ceathrar comhaltaí den bhord in éag in 2019, mar a bhí an tUas. Eddie Rock, an Dr Áine Carroll, an tUas. John Lumsden agus Aileen O'Toole Uasal.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Toisc go ndeachaigh téarmaí an Uas. John Lumsden agus Aileen O'Toole Uasal in éag in 2019, laghdaíodh líon comhaltaí CIR ó chúigear comhaltaí go triúr comhaltaí.

An Coiste um Luach Saothair

Toisc go ndeachaigh téarmaí an Dr Áine Carroll agus an Uas. John Lumsden in éag in 2019, athbhunófar an coiste seo in 2020 le comhaltas nua, tar éis ceathrar gnáthchomhaltaí nua a cheapadh.

**Nochtadh a Éilítear ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon RSA ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód na gnóthaí seo a leanas a nochtadh:

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe**

Féach an Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe i Nóta 4(b) leis na Ráitis Airgeadais.

**Costais Chomhairleachta**

Áirítear leis na costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' leo.

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 912,765 | 723,222 |
| Feabhsuithe gnó | 1,954,290 | 3,444,412 |
| Eile | - | 29,874 |
| **Costais Chomhairleachta Iomlána** | **2,867,055** | **4,197,508** |
| | | |
| Costais chomhairleachta a caipitlíodh | 838,117 | 1,622,790 |
| Costais chomhairleachta a cuireadh leis na speansais | 2,028,938 | 2,574,718 |
| **Iomlán** | **2,867,055** | **4,197,508** |

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

ar lean

### Costais Chomhairleachta (ar lean)

**Comhairle dlí -** Comhfhreagraíonn an méadú sa chaiteachas ar chomhairle dlí sheachtrach in 2019 do na ceanglais chun comhairle dlí speisialtóirí a fháil i ndáil leis an tairiscint nua ar an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán agus cosaint RSA ar dhlíthíocht a bhain le ceanglais chónaithe i gcomhair iarratas ar cheadúnú tiománaithe, a chosain €0.189m san iomlán.

**Feabhsuithe Gnó -** Maidir le costais na sainchomhairle seachtraí a bhaineann le Treochlár TFC, Oifig Bainistíochta Tionscadal (PMO), Údarás Dearaidh agus foireann Bainistíochta Athruithe a bhunú, chun a Phlean Corparáideach a chur i gcrích, mar aon leis na gcostais a bhain le roinnt athbhreithnithe straitéiseacha a cuireadh i gcrích in 2019, aicmíodh iad faoi fheabhsuithe gnó. Baineann an laghdú €1.5m ó bhliain go bliain de réir an aicmithe sin leis na tosca seo a leanas:

1. Costais chomhairleachta chaipitlithe de shuim iomlán €0.83m. Tháinig laghdú €0.8m ó bhliain go bliain ar na costais seo toisc gur fhostaigh RSA Bainisteoir PMO, triúr bainisteoirí tionscadail, agus beirt anailísithe gnó sa dara leath de 2019, rud a d'fhág nach rabhamar ag brath ar chomhairleoirí agus gur laghdaíodh ár gcaiteachas in 2019. De réir mar a mhéadaigh RSA a shaineolas inmheánach, ní raibh an gá céanna ann le treoir na gcomhairleoirí seachtracha in 2019 chun roinnt tionscadal tábhachtach TFC agus bunathraithe gnó atá ar bun faoi láthair a sholáthar chun dul i ngleic lenár ngealltanais sa Phlean Corparáideach.
2. Tháinig laghdú €0.7m ó bhliain go bliain ar an ngné riaracháin de na costais feabhsaithe gnó €1.1m a tabhaíodh mar thoradh ar an méid seo a leanas:
   - Oifig Bainistíochta Tionscadail Neamhchaipitil €0.1m, ar laghdú €0.3m ó bhliain go bliain é, a tháinig chun cinn go príomha toisc gur aimsíodh acmhainní inmheánacha sa dara leath de 2019 agus nach raibh gá ann le seirbhísí sainchomhairle seachtracha sa réimse sin a thuilleadh.
   - Costais Bainistíochta Athruithe €1m, ar laghdú €0.4m bliain ar bhliain é, go príomha mar gheall ar an aistriú eolais leanúnach agus clár scáthaithe dár n-inniúlachtaí inmheánacha féin, rud a laghdaíonn an gá atá ann le comhairleoirí seachtracha. Chuir comhairleoirí seachtracha acmhainní agus tacaíocht ar fáil do roinnt gníomhaíochtaí athruithe in 2019, i réimsí na pleanála gnó, an ailínithe straitéisigh, an tsármhaitheasa oibriúcháin, na hanailísíochta sonraí agus an dearaidh aistir chomhtháite custaiméara.

Tá sé beartaithe ag RSA leanúint leis an spleáchas a laghdú de réir mar a réadaítear tionchar bliana iomláine na hearcaíochta inmheánaí agus an aistrithe eolais sin. É sin ráite, i bhfianaise chineál na dtionscadal bunathraithe atá ar bun, measann RSA go mbeidh gá éigin ann fós le comhairleoirí seachtracha sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

### Costais Dlí agus Socraíochtaí

Soláthraítear miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla i dtaca le hionadaíocht sna cúirteanna i gcásanna forfheidhmithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair RSA, rud a nochtar faoi 'chostais chomhairleachta' thuas.

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Costais imeachtaí dlí | 238,990 | 205,123 |
| **Iomlán** | **238,990** | **205,123** |

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar a leanas:

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| Bord | 5,497 | 6,141 |
| Fostaithe | 3,272,907 | 2,644,654 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Bord | - | - |
| Fostaithe | 73,886 | 54,586 |
| **Iomlán** | **3,352,290** | **2,705,381** |

Comhfhreagraíonn an méadú sa taisteal agus cothú do thionchar na 65 thástálaí tiománaithe breise a earcaíodh chun dul i ngleic leis an mborradh faoi na hiarratais i ndiaidh reachtaíocht nua a achtú a bhfuil éifeacht aici ar thiománaithe faoi oiliúint, rud a chumhdaítear go sonrach in Ionstraim Reachtúil de chuid an Achta um Thrácht ar Bhóithre (Leasú) 2018 an 22 Nollaig 2018.

## Caiteachas Fáilteachais

San áireamh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019 tá an caiteachas fáilteachais a leanas. Is ionann é sin agus na méideanna a d'íoc RSA le Club Spóirt agus Sóisialta na Foirne.

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | 5,396 | 6,416 |
| Fáilteachas cliant | - | - |
| **Iomlán** | **5,396** | **6,416** |

## An Ráiteas Comhlíonta

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an chóid a chinntiú. Chomhlíon RSA an Cód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ina iomláine in 2019.

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

ar lean

**Coinníollacha, Dálaí agus Forbairtí mar thoradh ar COVID-19**

Mar a leagtar amach i nóta 20, teagmhais tar éis na ráiteas airgeadais, bhí tionchar ag na bearta a rinne an Rialtas chun an víreas COVID-19 a choinneáil faoi smacht ar ghníomhaíocht gheilleagrach agus ar oibríochtaí an Údaráis in 2020. Ó Mhárta i leith, bhí ar an Údarás a sheirbhísí poiblí uile a chur ar fionraí. Ina theannta sin, toisc gur forchuireadh rialacháin ón Rialtas chun tréimhsí bailíochta na gceadúnas agus na ndeimhnithe ar fad a bhaineann le seirbhísí poiblí an Údaráis, ní raibh an tÚdarás in ann aon ioncam a aithint ón 28 Márta go dtí an 17 Bealtaine, agus tosaíodh seirbhísí ar bhonn céimnithe ón 18 Bealtaine i leith i gcomhréir le Treochlár an Rialtais.

Toisc gur comhlacht poiblí féinmhaoinitheach é an tÚdarás den chuid is mó, gan mórán maoinithe státchiste aige, bhí tionchar suntasach ag COVID-19 air. I dtús an imeachta COVID-19, d'fheidhmigh oibríochtaí an Údaráis de réir an phlean i Ráithe 1 2020, agus tá cúlchistí suntasacha agus leachtacht shuntasach ag an Údarás.

Tá na bearta seo a leanas déanta ag an Údarás chun dul i ngleic leis an imeacht COVID-19;

- Clár laghdaithe costais a thionscnamh a mbeidh laghdú ábhartha ar chostais oibríochta an Údaráis in 2020 mar thoradh air
- A staid airgid thirim agus leachtachta a bhainistiú go réamhghníomhach lena chinntiú go n-íocfar íocaíochtaí agus dliteanais nuair a bheidh siad dlite
- A chinntiú gur cuireadh Bord an Údaráis agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a máthair-roinn, ar an eolas maidir leis an staid airgeadais
- Plean Atosaithe Seirbhísí a bhainistiú chun leanúint le seirbhísí poiblí a oscailt i gcomhréir le Treochlár an Rialtais chun an tsochaí agus an gnó a athoscailt agus
- Áis líne chreidmheasa a urrú lena bhanc lena chinntiú go bhfuil leachtacht chuí aige chun oibriú le linn an imeachta COVID-19.

Ag brath ar fhad ama an imeachta COVID-19 agus ar an tionchar diúltach leanúnach ar ghníomhaíocht gheilleagrach, tá seans ann go mbeidh an tÚdarás thíos le tionchair airgeadais dhiúltacha eile in 2020. Ní féidir an tionchar ar ár n-oibríochtaí don chuid eile de 2020 agus ina dhiaidh sin a thuar go cruinn. Cé nach bhfuiltear cinnte, ní chreideann an tÚdarás go mbeidh tionchar ábhartha ag tionchar COVID-19 ar a chumas oibriú mar ghnóthas leantach.

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**Raon Feidhme na Freagrachta**

Thar ceann RSA, aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a oibriú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin na ceangaltais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas é a dhíothú. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfar iad a aimsiú in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh de RSA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**An Cumas chun Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag RSA lenar cuimsíodh ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta comhthofa neamhspleách seachtrach amháin. Toisc go ndeachaigh téarmaí an Uas. John Lumsden agus Aileen O'Toole Uas. in éag in 2019, áfach, laghdaíodh an líon comhaltaí de CIR ó chúigear comhaltaí go triúr comhaltaí i Samhain 2019. Tháinig CIR le chéile cúig huaire in 2019.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag RSA freisin. Seachfhoinsítear í go gnólacht seachtrach, a dhéanann clár oibre atá comhaontaithe le CIR.

Lean an tÚdarás lena rialachas bainistíocha riosca a neartú in 2019 agus rinneadh tuairisciú leanúnach don Bhord agus don Cheannaireacht Feidhmiúcháin araon. Ba mhír bhuan ar an gclár oibre é an riosca agus rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar phríomhrioscaí an Údaráis ag gach cruinniú ar leibhéal an Bhoird agus ar leibhéal an Fheidhmeannais. Déanfaidh an tÚdarás a phróiseas bainistíochta riosca a leathnú agus beartas a fhorbairt in 2020.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shainiúla a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó uile a dhoiciméadú
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint
- Tá rialuithe párolla láidre i bhfeidhm

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

ar lean

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun próisis rialaithe a mhonatóiriú. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a fheidhmiú agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal, mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí

**Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag RSA chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus dearbhaím gur chomhlíon RSA na nósanna imeachta sin le linn 2019, gan ceithre chonradh ag a raibh caiteachas €1.2m (2018:€1.3m) in 2019 a áireamh. Nochtadh na ceithre chonradh uile freisin in 2018.

- Maidir leis an gcéad chonradh díobh siúd, reáchtáil RSA comórtas in 2018, ach bhí air deireadh a chur leis an bpróiseas sin. Reáchtáladh comórtas nua do na seirbhísí sin in 2019 agus bronnadh an conradh ar an 22 Nollaig 2019 - cuireadh €0.4m leis na speansais in 2019 i leith an chonartha sin.
- Maidir leis an dara conradh, íocadh €0.276m in 2019 i ndáil le conradh sonraí gutha. Cuireadh tionscadal i gcrích lenar bhog RSA go réiteach prótacal idirlín guthaithe (VoIP) ar ghréasán an Rialtais. Mar a mhol gréasáin an Rialtais, fanfaidh RSA leis an soláthraí reatha go dtí go mbeidh an tseirbhís nua níos aibí agus níos láidre. Bhí sé beartaithe ag RSA creat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) a úsáid chun dul ar an margadh, ach tá an Creat ar leith de chuid OGP imithe in éag anois agus níl aon phlean láithreach ann ceann nua a thabhairt isteach agus, mar sin, beidh ar RSA dul chuig tairiscint dhíreach. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an bpróiseas tairisceana i Ráithe 4 2020.
- Tá an dá chonradh eile atá fágtha faoi bhainistíocht RSA agus déanfar iad a chéimniú amach mar chuid de chur chun feidhme Threochlár TFC RSA maidir le hArdán Réitigh Gnó (ARG) nua a fhorbairt.
  - Beartaítear go scoirfear de cheann amháin de na conarthaí sin, a raibh caiteachas €0.17m ag baint leis in 2019 nuair a eiseofar an ARG, ar cuireadh moill air agus a gceaptar anois go gcuirfear i bhfeidhm é i Meitheamh 2020. Bogadh príomhsheirbhís eile de chuid RSA (CoVIS) ón ardán soláthraithe seirbhíse SMS sin go dtí ár soláthraí nua SMS, ar bronnadh a chonradh air trí chreat de chuid OGP.
  - Beartaítear go scoirfear den chonradh eile tar éis dá sheirbhísí bogadh chuig an ardán ARG faoi Mhárta 2021. Cuireadh moill air sin de bharr na moille ar ARG a chur i bhfeidhm. Leis an gconradh sin cuireadh €0.33m leis na speansais in 2019.

Tá RSA diongbháilte maidir leis an réimse sin neamhchomhlíontachta maidir le soláthar poiblí a réiteach trí bhearta a dhéanamh chun deireadh a chur lena spleáchas ar chonarthaí oidhreachta, i réimse TFC go háirithe, ach ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach rialaithe céimnithe chun soláthar seirbhísí criticiúla a choimeád.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag RSA chun éifeachtúlacht a chuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh de chuid RSA a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ag CIR a dhéanann a gcuid oibre a mhaoirsiú agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de RSA atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go bhfuil an Bord tar éis athbhreithniú bliantúil a dhéanamh i bhFeabhra 2020 ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha in 2019.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach maidir le 2019 óna dteastaíonn nochtadh sna Ráitis Airgeadais, cé is moite de na saincheisteanna soláthair a nochtadh thuas.

# An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | 139,000 | 139,000 |
| Acmhainní eile | 3 | 95,397,135 | 80,082,724 |
| Glanmhaoiniú pinsin iarchurtha | 5(c) | 5,315,000 | 5,287,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe a tarchuireadh | 5(a) | (842,000) | (412,000) |
| Gnóthachan ó dhiúscairt sócmhainní | | 58,959 | 14,600 |
| **Ioncam Iomlán** | | **100,068,094** | **85,111,324** |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair agus costais eile phá | 4(a) | (25,485,710) | (22,387,903) |
| Costais sochair scoir | 5(a) | (5,535,568) | (5,546,227) |
| Comhairle theicniúil | 6 | (536,060) | (553,932) |
| Costais riaracháin | 7 | (8,039,493) | (8,186,311) |
| Costais chláir | 8 | (49,471,327) | (47,448,525) |
| Dímheas | 9 | (7,351,824) | (5,732,541) |
| **Caiteachas Iomlán** | | **(96,419,982)** | **(89,855,439)** |
| **Barrachas/ (Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí** | | **3,648,112** | **(4,744,115)** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (4,470,883) | (4,773,088) |
| **(Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithreasaí** | | **(822,771)** | **(9,517,203)** |
| **An t-iarmhéid a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir** | | **15,574,331** | **25,091,534** |
| **An t-iarmhéid a tugadh anonn amhail an 31 Nollaig** | | **14,751,560** | **15,574,331** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **(Easnamh) don bhliain** | | **(822,771)** | **(9,517,203)** |
| Gnóthachain/ (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | | 1,593,000 | (4,580,000) |
| Athrú ar thoimhdí atá mar bhonn ag luach láithreach na n-oibleagáidí sochair scoir | | (16,258,000) | 8,118,000 |
| **(Caillteanas) / gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain** | 5(b) | **(14,665,000)** | **3,538,000** |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | 14,665,000 | (3,538,000) |
| **(Caillteanas) Cuimsitheach eile don bhliain** | | **(822,771)** | **(9,517,203)** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 9 | 19,518,612 | 15,047,729 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Méideanna Infhaighte | 10 | 1,775,220 | 1,656,619 |
| Réamhíocaíochtaí | 11 | 167,869 | 211,667 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 27,608,393 | 30,324,443 |
| | | 29,551,482 | 32,192,729 |
| **Dliteanais Reatha (méid dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Méideanna Iníoctha | 12 | (14,799,922) | (16,618,398) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 14,751,560 | 15,574,331 |
| **Dliteanais Fhadtéarmacha (méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin)** | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Sócmhainn mhaoiniúcháin sochair scoir iarchurtha | 5(c) | 113,620,000 | 93,297,000 |
| Oibleagáidí sochair scoir | 5(b) | (113,620,000) | (93,297,000) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais** | | **34,270,172** | **30,622,060** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Cuntas Caipitil | 13 | 19,518,612 | 15,047,729 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 19 | 14,751,560 | 15,574,331 |
| | | **34,270,172** | **30,622,060** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí | 3,648,112 | (4,744,115) |
| Dímheas sócmhainní seasta | 7,351,824 | 5,732,541 |
| Brabús ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | (58,959) | (14,600) |
| (Méadú) / Laghdú ar mhéideanna infhaighte | (74,802) | 176,251 |
| (Laghdú) / Méadú ar mhéideanna iníoctha | (1,814,154) | 1,227,619 |
| Ús bainc a fuarthas | (2) | (677) |
| Ús bainc a íocadh | 31,024 | 23,426 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **9,083,043** | **2,400,445** |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíocht chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | (11,822,707) | (10,505,629) |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 58,959 | 14,600 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(11,763,748)** | **(10,491,029)** |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ioncam ús bainc | 2 | 2,122 |
| Costas ús bainc | (35,347) | (26,171) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **(35,345)** | **(24,049)** |
| | | |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | **(2,716,050)** | **(8,114,633)** |
| | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir | 30,324,443 | 38,439,076 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig** | **27,608,393** | **30,324,443** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta arna nglacadh ag RSA leagtha amach thíos. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

### (a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, agus tá ceannoifig aige i bPáirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Bunaíodh príomhchuspóirí RSA faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 an 1 Meán Fómhair 2006. Is comhlacht corparáideach é RSA le comharbas suthain agus le séala agus an chumhacht agairt agus bheith agartha ina ainm corparáideach, agus talamh nó leas i dtalamh a fháil, a choinneáil nó a dhiúscairt, agus aon mhaoin eile a fháil, a choinneáil agus a dhiúscairt. Is comhlacht reachtúil é a thuilleann Ioncam nach ón státchiste é ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal agus cuid de ó dheontas státchiste ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Nóta 2).

Is Eintiteas Sochair Phoiblí é RSA, ar eintiteas é a chuireann seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne, don phobal agus chun leasa shóisialta. Bunaíodh RSA chun an príomhról a ghlacadh i réimse na sábháilteachta ar bhóithre agus tá sé freagrach astu seo a leanas: múscailt feasachta ar shábháilteacht ar bhóithre agus í a chur chun cinn trí fheachtais na n-ollmheán agus trí chláir oideachais; taighde ar shábháilteacht ar bhóithre agus a chuid príomhsheirbhísí poiblí lena n-áirítear tástáil tiománaithe, ceadúnú tiománaithe, caighdeáin feithiclí, tástáil feithiclí (tástáil náisiúnta gluaisteán agus tástáil feithiclí tráchtála araon), forfheidhmiú tarlaithe bóthair, clárú teagascóirí tiománaithe (ADI) agus Teastas Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil (CPC Tiománaí). Comhroinneann RSA an fhreagracht as an *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 – 2020* le ranna stáit agus údaráis phoiblí áirithe nach mór dóibh oibriú le chéile, agus leis an bpobal a úsáideann na bóithre, chun na cuspóirí agus na torthaí atá leagtha amach sa straitéis sin a chur i gcrích.

### (b) An Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RSA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA), arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Tá RSA ag oibriú i gcomhréir leis an gCód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) in 2019.

### (c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006. Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus déileáil á déanamh le míreanna a mheastar a bheith ábhartha do ráitis airgeadais RSA.

### (d) Ioncam

Deontas ón Oireachtas

Is iondúil gur ar bhonn fabhraithe a aithnítear ioncam; is eisceacht amháin ón riail sin é cás na nDeontas ón Oireachtas, a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

Ioncam Úis agus Costas Úis

Déantar Ioncam Úis agus Costas Úis a aithint ar bhonn fabhraithe.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe do shruthanna ioncaim, lena n-áirítear táillí as tástálacha tiomána, Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán agus Tobhach na Tástála Feithiclí Tráchtála, toisc gurb ann don phointe aitheantais ioncaim nuair a bhíonn an tástáil críochnaithe. Aithnítear ar bhonn fáltas airgid an t-ioncam ó tháillí le haghaidh cártaí digiteacha tacagraif, ceadúnais tiomána agus clárúcháin teagascóirí tiomána formheasta de bharr na mbac córasach lena gcuirtear cosc ar aitheantas ar bhonn fabhraithe. Tá RSA i dteideal sciar den bhrabús a dhéanann soláthraí seirbhíse na Tástála Náisiúnta Gluaisteán. Aithnítear an brabús sin nuair is dóchúil go mbeidh sochar eacnamaíoch ann agus is féidir an sochar sin a thomhas go cruinn.

**e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú maidir le haon fhoráil do bhearnú. Déanfar foráil do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Feabhsuithe Léasachta | 5% in aghaidh na bliana |
| (ii) | Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| (iii) | Flít | 20% in aghaidh na bliana |
| (iv) | Crua-earraí TFC | 33% in aghaidh na bliana |
| (v) | Bogearraí Feidhmchláir | 33% in aghaidh na bliana |

Léirítear le luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d'aois agus de bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú maidir le luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

**(f) Sochair Fostaithe**

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr méideanna iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

**(g) Sochair Scoir**

Pinsin Foirne

*Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse*

Amhail an 31 Nollaig 2019, tá 72 bhall foirne de chuid RSA ina mbaill de scéim aoisliúntais na státseirbhíse agus níl dliteanais phinsin do na baill foirne sin san áireamh i ráitis airgeadais RSA. Déanann RSA ranníocaíochtaí pinsin de chuid an 72 bhall foirne sin a íoc leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ní bhíonn aon oibleagáidí eile ar RSA ina dhiaidh sin i leith daoine ar baill den scéim iad.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019
**ar lean**

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ('an Scéim Aonair')

Ina theannta sin, oibríonn RSA an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ('an Scéim Aonair'), ar scéim í le sochar sainithe do státseirbhísigh inphinsin phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí 78 mball den scéim sin ann amhail an 31 Nollaig 2019.

In 2018, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in iúl do RSA go meastar RSA a bheith ina Údarás Ábhartha de réir mar atá leagtha amach i gCiorclán 28 de 2016. Cinneadh é sin toisc go meastar go bhfuil RSA féinmhaoinitheach agus, dá bhrí sin, go gceanglaítear air ranníocaíochtaí fostóra bhaill na 'Scéime Aonair' a tharchur chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le forálacha an Chiorcláin. Tarchuireann RSA na ranníocaíochtaí sin ar bhonn míosúil.

### Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Foráiltear le halt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 go mbunóidh RSA Scéim Aoisliúntais Foirne RSA (an Scéim). In Iúil 2013, d'fhormheas an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Scéim, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí Ballraíocht sa Scéim ar oscailt do bhaill foirne a chuaigh isteach trí chomórtas seachtrach agus ar bhealaí eile ó Mheán Fómhair 2006 i leith. Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí 180 ball foirne de chuid RSA ina mbaill ghníomhacha den Scéim. Tá 18 mball iarchurtha agus 21 phinsinéir den Scéim ann freisin. Feidhmíonn an Scéim ar an mbonn go n-asbhaineann RSA ranníocaíochtaí pinsin foirne as an bpárolla agus go n-íocann sé na ranníocaíochtaí sin leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tar éis di dul i mbun plé leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dheimhnigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go leanfadh an státchiste de dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne RSA a sheasamh ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, chomh fada agus a bheidh an Scéim i bhfeidhm. Is é a tharlaíonn faoin gcóras 'íoc mar a théitear' ná go n-íoctar sochair na Scéime ó ioncam reatha státchiste nuair a bhíonn siad dlite.

Léirítear sna ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí scéim aoisliúntais RSA agus as an Scéim Aonair, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann na fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

### Scéim Aoisliúntais na Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta 1991 go 2000

Agus tús á chur leis, fuair RSA ó oidhreacht 6 pinsinéirí a chuaigh isteach in RSA nuair a rinneadh an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta a dhíscaoileadh. Tugtar maoiniú ón státchiste gach bliain do RSA chun freastal ar na hoibleagáidí pinsin nuair a bhíonn siad dlite.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**(h) Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla agus Meastacháin**

Chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus na dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Mar gheall ar nádúr an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh difear idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta, agus ar shaolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas go háirithe, agus tháinig siad ar an tuairim go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí is bonn le luachanna achtúireacha dá ndéantar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochtaí costais chúram sláinte) a nuashonrú gach bliain, bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáide

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo

## 2. Deontais ón Oireachtas

Tá an Deontas ón Oireachtas de €139,000 do RSA íoctha ó fho-mhírcheann B4 den Vóta Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. In 2019 agus 2018, tugadh an Deontas sonrach ón Oireachtais de €139,000 in aghaidh na bliana do RSA chun na híocaíochtaí pinsin bliantúla a sheasamh do phinsinéirí a d'aistrigh chuig RSA nuair a rinneadh an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta a dhíscaoileadh. Tá an méid a íocadh leis na pinsinéirí i Nóta 4. Cuireadh an dualgas ar RSA na sochair phinsin a íoc, ach ní thagann aon fhabhrú dliteanas chun cinn, áfach, mar sheasfaidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt na hoibleagáidí nuair a bheidh siad dlite.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019
**ar lean**

## 3. Acmhainní Eile

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán | 31,176,098 | 21,581,167 |
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | 25,650,710 | 26,390,373 |
| Ioncam ó Tháillí Tástála Tiománaithe | 21,346,716 | 15,337,396 |
| Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | 15,391,390 | 14,970,794 |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | 804,975 | 908,790 |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | 385,419 | 252,605 |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | 298,011 | 295,451 |
| Ioncam ó Urraíocht | 82,000 | 82,000 |
| Ioncam Ús Bainc | 2 | 676 |
| Ilghnéitheach | 261,814 | 263,472 |
| | **95,397,135** | **80,082,724** |

Is comhlacht reachtúil é RSA a thuilleann ioncam ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal. Leagtar amach na príomhfhoinsí ioncaim thíos.

| Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán | Faigheann RSA ioncam tobhaigh bunaithe ar an líon gluaisteán a thástáiltear. Bailíonn an soláthraí seirbhíse conraithe an táille chomhlán nuair a dhéantar an tástáil agus íoctar cuid den táille tástála go míosúil i riaráistí do RSA. In 2019, is é láimhdeachas an chonraitheora sheachfhoinsithe a fheidhmíonn an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán ná thart ar €74.2m (2018: €71.3m) agus as sin fuair RSA €31.1m (2018: €21.6m) mar ioncam tobhaigh agus roinnt bhrabúis mar a leagtar amach sa nóta seo. Tháinig méadú ar an tobhach i ndáil leis an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán mar gheall ar mhéadú ar an líon feithiclí sa fhlít a ndearnadh tástáil orthu in 2019 agus an roinnt bhrabúis a fuarthas don tréimhse 2016-2018.<br><br>I gcomhréir le forálacha an chonartha, tá an tÚdarás i dteideal sciar de bhrabús na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Gluaisteán. Cuireadh comhaontú maidir le roinnt bhrabúis don tréimhse 2016-2018 i gcrích in 2019 agus íocadh €7.79m don Údarás i Lúnasa 2019 i leith roinnt bhrabúis mar thoradh air sin. Síníodh conradh nua NTG i Meitheamh 2019. De réir théarmaí an chonartha sin, íocadh €1m, arb ionann é agus 50% den bhuníocaíocht tobhaigh €2m, leis an Údarás i Meán Fómhair 2019. Íocadh an 50% eile i Márta 2020. |
| Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | Lean RSA le hioncam Tobhaigh Tástála Feithiclí Tráchtála a aithint in 2019, ar tháinig méadú beag air ó bhliain go bliain mar tástáladh líon níos mó feithiclí tráchtála in 2019. |
| Ioncam ó Thástáil Tiománaithe | Tá freagracht ar RSA as tástáil tiománaithe. Díorthaítear an t-ioncam sin ó tháillí a íocann tiománaithe as tástáil tiomána a dhéanamh. In 2019, bhí méadú ann ar an líon tástálacha tiomána a rinneadh mar gheall ar bhorradh faoi na tástálacha tiomána i ndiaidh reachtaíocht nua a achtú a raibh tionchar aici ar thiománaithe faoi oiliúint. |

## 3. Acmhainní Eile (ar lean)

| Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | Tá freagracht ar RSA as eisiúint agus athnuachan ceadúnas tiomána. Díorthaítear an t-ioncam sin ó tháillí a íocann tiománaithe as ceadúnas tiomána a fháil / a athnuachan. Bhí méadú mór ann ar an líon iarratas ar mhalartú ceadúnais in 2019 mar gheall ar an mBreatimeacht, ach tá an t-ioncam fós níos lú ó bhliain go bliain toisc go raibh méadú mór ann ar an líon iarratas ar cheadúnais tiomána in 2018 mar gheall ar athnuachan an cheadúnais 10 mbliana, a bhfuil nasc aige le cothrom lae 10 mbliana ón mborradh sna tástálacha tiomána in 2008. |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | Tá freagracht ar RSA as forfheidhmiú reachtaíochta maidir le huaireanta tiománaithe. Faigheann RSA ioncam ó tháillí nuair a eisíonn sé cárta leictreonach tacagraif dhigitigh do tharlóirí chun uaireanta tiománaithe a thaifeadadh. |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | Tá freagracht ar RSA as an tionscal Teagascóirí Tiomána a rialáil. Faigheann RSA ioncam tobhaigh nuair a chláraíonn agus a thástálann sé teagascóir tiomána. |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | Tá freagracht ar RSA as iompar earraí contúirteacha a rialáil. Faigheann RSA ioncam ó tháillí nuair a chláraíonn sé tarlóir Iompair Earraí Contúirteacha. |

## 4. Luach Saothair agus Costais Eile Phá

### 4(a) Luach Saothair agus Costais Eile Phá

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---:|---:|
| Tuarastail Foirne | 19,804,143 | 17,703,396 |
| Ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach | 1,701,808 | 1,394,726 |
| Oiliúint agus forbairt foirne | 332,374 | 278,190 |
| Taisteal agus cothú Foirne agus Boird – Intíre | 3,278,404 | 2,650,795 |
| Taisteal agus cothú Foirne agus Boird – Eachtrach | 73,886 | 54,586 |
| Costais eile foirne | 82,836 | 89,197 |
| Luachanna saothair na gcomhaltaí boird (lena n-áirítear luach saothair an POF) | 212,259 | 217,013 |
| **Iomlán** | **25,485,710** | **22,387,903** |

Níl na costais tuarastail a bhaineann le triúr bainisteoirí tionscadail a bhfuil a gcostais caipitlithe, i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta lena nglactar go ginearálta, dar luach €417,060 (2018: €144,883), san áireamh leis na costais thuas. Asbhaineadh asbhaintí a bhaineann le pinsin dar luach iomlán €541,775 as tuarastail agus pá agus íocadh iad leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le 2019 (2018: €714,678). B'ionann an líon iomlán ball foirne a bhí fostaithe (CL - Coibhéis Lánaimseartha) ag deireadh na bliana agus 407.3 (2018: 377.3). Tugadh 2 (2018: 3) bhall foirne eile ar iasacht do RSA ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó CIÉ.

Rinneadh roinnt ceapachán in 2019 i bhForfheidhmiú agus Tástáil Tiománaithe, agus i réimsí eile amhail Bainistíocht Tionscadail, Anailís Gnó agus Foghlaim agus Forbairt agus i bhfeidhmeanna riaracháin ginearálta. Comhfhreagraíonn an méadú sa taisteal agus cothú do thionchar na dtástálaithe tiománaithe breise a earcaíodh chun dul i ngleic leis an mborradh faoi na hiarratais, a chumhdaítear go sonrach in Ionstraim Reachtúil de chuid an Achta um Thrácht ar Bhóithre (Leasú) 2018 ar an 22 Nollaig 2018.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019
**ar lean**

## 4. Luach Saothair agus Costais Eile Phá (ar lean)

(i) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 20,016,402 | 17,920,409 |
| Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach | 1,701,808 | 1,394,726 |
| | **21,718,210** | **19,315,135** |

(ii) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Bunphá | 18,723,097 | 16,413,578 |
| Ragobair | 765,664 | 1,023,714 |
| Liúntais | 527,641 | 483,117 |
| | **20,016,402** | **17,920,409** |

(iii) Sochair Foirceanta
Níor thabhaigh RSA aon chostais maidir le sochair foirceanta in 2019 ná in 2018.

### 4(b) Miondealú ar shochair fostaithe don bhliain

| Raon na sochar fostaithe iomlán Ó | | Go dtí | An Líon Fostaithe 2019 | An Líon Fostaithe 2018 |
|---|---|---|---|---|
| €60,000 | – | €69,999 | 48 | 58 |
| €70,000 | – | €79,999 | 13 | 20 |
| €80,000 | – | €89,999 | 4 | 2 |
| €90,000 | – | €99,999 | 2 | 5 |
| €100,000 | – | €109,999 | 4 | 2 |
| €110,000 | – | €119,999 | - | 1 |
| €120,000 | – | €129,999 | - | - |
| €130,000 | – | €139,999 | - | - |
| €140,000 | – | €149,999 | - | - |
| €150,000 | – | €159,999 | 1 | 1 |

San áireamh le sochair fostaithe tá tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann na bhfostaithe, ach ní chuirtear ÁSPC an fhostóra san áireamh leo, áfach. Tá an laghdú ar an líon sochar fostaithe iomlán ó 2018 go 2019 mar gheall ar íocaíochtaí pá siardhátaithe a aithníodh in 2018.

## 4. Luach Saothair agus Costais Eile Phá (ar lean)

### 4(c) Cúiteamh do Phríomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsítear le príomhphearsanra bainistíochta in RSA comhaltaí an Bhoird, an POF, an cúigear stiúrthóirí agus príomhinnealtóir. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos.

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 832,691 | 829,297 |
| Liúntais | - | 1,691 |
| | **832,691** | **830,988** |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse leis sin. Tá na príomhphearsana bainistíochta ina mbaill de Scéim Aoisliúntais Foirne RSA, de Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse nó den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Ní théann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Is é seo a leanas an pacáiste luacha saothair a bhí ag an POF don tréimhse airgeadais:

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 156,428 | 156,519 |
| | **156,428** | **156,519** |

Tá an POF ina ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus ní théann a cuid teidlíochtaí níos faide ná téarmaí na scéime pinsin sin. Ní áirítear leis an méid thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019

**ar lean**

## 5. Costais Sochair Scoir

### 5(a) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Glanchostas seirbhíse reatha | 3,991,000 | 4,215,000 |
| Lúide costas seirbhíse agus úis reatha bhaill SPSPS (an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair) | (343,000) | (285,000) |
| Ranníocaíochtaí na mball (ABP san áireamh) | (842,000) | (412,000) |
| Ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | 727,568 | 388,227 |
| Costas úis ar dhliteanais scéime sochair scoir | 2,002,000 | 1,640,000 |
| | **5,535,568** | **5,546,227** |

*Cuireadh ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (RAB) ann in ionad asbhaint a bhaineann le pinsean (ABP) le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. Áirítear le ranníocaíochtaí ball a nochtadh in 2019 ranníocaíochtaí aoisliúntais breise na mball. Ní gá é sin a choigeartú go cúlghabhálach. Cé gur beart sealadach éigeandála é RAB, is ranníocaíocht bhuan é ABP i ndáil le luach saothair inphinsin.

### 5(b) Gluaisteacht in oibleagáidí sochair scoir glana le linn na bliana airgeadais

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid sochair scoir an 1 Eanáir | (93,297,000) | (91,263,000) |
| Costas seirbhíse reatha | (3,991,000) | (4,215,000) |
| Costas úis | (2,002,000) | (1,640,000) |
| (Caillteanas) / gnóthachan achtúireach | (14,665,000) | 3,538,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | 335,000 | 283,000 |
| **Glanoibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig** | **(113,620,000)** | **(93,297,000)** |

### 5(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Bord na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha do shochair scoir ar bhonn an tacair thoimhdí a gcuirtear síos orthu thíos anseo ag 5(e) agus roinnt teagmhas san am a chuaigh thart. I measc na dteagmhas sin bhí an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Tá deimhniú ag an mBord ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go leanfaidh an státchiste de dhliteanais faoin Scéim a sheasamh ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, chomh fada agus a bheidh an Scéim i bhfeidhm.

## 5. Costais Sochair Scoir (ar lean)

Le halt 44 den Acht um Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, foráiltear do mhaoiniú na n-íocaíochtaí pinsin faoin Scéim Aonair de réir mar a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí amach as an bPríomh-Chiste nó ó chistí a chuireann an tOireachtas ar fáil chun na críche sin.

Ba é an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe mar a leanas:

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghafa i leith chostais sochar scoir na bliana reatha (lúide coigeartú don SPSPS) | 5,650,000 | 5,570,000 |
| An Deontas Stáit a cuireadh i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (335,000) | (283,000) |
| | **5,315,000** | **5,287,000** |

Is ionann an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha do shochair scoir amhail an 31 Nollaig 2019 agus €113.62m (2018: €93.297m).

### 5(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 113,620 | 93,297 | 91,263 | 74,303 | 54,521 |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochair shainithe | 1,593 | (4,580) | (7,575) | (2,915) | 1,826 |
| Mar chéatadán de dhliteanais scéime | 1.4% | (4.9%) | (8.3%) | (3.9%) | 3.3% |

### 5(e) Cur síos ginearálta ar na scéim

Is socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar thuarastal inphinsin deiridh é an scéim sochair scoir le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe le tagairt do rialacháin reatha scéim 'eiseamláireach' na hearnála poiblí. Leis an scéim, soláthraítear pinsean (ar 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é), aisce nó cnapshuim (ar 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is í an gnáthaois scoir ná breithlá 65 bliana an bhaill, agus tá teidlíocht ag baill a bhí ann roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 62 bhliain d'aois i leith. Méadaítear pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) an scéim pinsean le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar foráil sa scéim do phinsean agus cnapshuim scoir atá bunaithe ar luach saothair mheán na gairmréime inphinsin, agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is í an aois phinsin íosta ná 66 bliana d'aois (agus í ag ardú ar aon dul le hathruithe ar aois an phinsin Stáit). Áirítear léi saoráid luathscoir arna laghdú ar bhonn achtúireach ó 55 bliana d'aois. Méadaítear pinsin atá á n-íoc ar aon dul leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

## 5. Costais Sochair Scoir (ar lean)

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 17 Feabhra 2020, agus ceanglais FRS á gcur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2019.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | 3.2% sa bhliain | 3.4% sa bhliain |
| Ráta an mhéadaithe i dtaobh sochair scoir atá á n-íoc | 1.7% sa bhliain | 1.9% sa bhliain |
| Ráta lascaine | 1.3% sa bhliain | 2.15% sa bhliain |
| Ráta boilscithe | 1.7% sa bhliain | 1.9% sa bhliain |

Tharla an t-athrú ar an ráta lascaine 0.85% ó bhliain go bliain mar thoradh ar laghdú suntasach ar thorthaí bannaí sa limistéar euro le linn 2019, ar bhannaí flaithiúnais agus corparáide araon agus i ngach tréimhse.

Básmhaireacht

Ba iad seo a leanas na táblaí básmhaireachta a úsáideadh;

| | Fir | Mná |
|---|---|---|
| Básmhaireacht roimh scor | PMA 92 c 2020 | PFA 92 c 2020 |
| Básmhaireacht i ndiaidh scoir | PMA 92 c 2025 < 1 bhliain | PFA 92 c 2025 < 1 bhliain |

Bunaithe ar na táblaí sin, is é seo a leanas an t-ionchas saoil ag 65 bliana d'aois:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Fir | 22.1 bliain | 22 bhliain |
| Mná | 25.2 bliain | 25.1 bliain |

## 6. Comhairle Theicniúil

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle Theicniúil | 536,060 | 553,932 |
| **Iomlán** | **536,060** | **553,932** |

Le costais chomhairleachta caighdeán feithiclí go príomha a bhaineann an chomhairle seo atá ar aon dul ó bhliain go bliain.

## 7. Costais Riaracháin

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Clódóireacht agus Stáiseanóireacht | 584,516 | 659,622 |
| Postas | 206,966 | 225,331 |
| Costais Bhainistíochta Saoráidí | 1,182,078 | 1,135,301 |
| Fuinneamh | 226,116 | 214,501 |
| Costais Teileafóin agus Mhalartaithe Sonraí | 619,129 | 675,299 |
| Costais Bhogearraí, Cheadúnaithe agus Tacaíochta | 1,993,097 | 1,708,127 |
| Cothabháil Crua-earraí | 223,774 | 200,872 |
| Táillí Iniúchóireachta | 36,000 | 31,000 |
| Táillí Iniúchta Inmheánaigh | 90,002 | 90,478 |
| Riarachán Párolla | 41,958 | 42,794 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 13,204 | 16,557 |
| Árachas | 39,735 | 37,761 |
| Cothabháil an tSuímh Ghréasáin | 17,897 | 26,045 |
| Muirir ar Idirbhearta Airgeadais | 219,173 | 197,910 |
| Costas Ús Bainc | 35,347 | 26,171 |
| Costais chun Saoráidí a fháil ar Cíos | 1,059,890 | 753,730 |
| Costais Bhainistíochta Flít | 295,207 | 206,317 |
| Costais Riaracháin AD | 45,460 | 68,266 |
| Costais um Bainistíocht Faisnéise ó Thaifid Sonraí | - | 33,519 |
| Oifig Bainistíochta Tionscadail | 62,861 | 405,221 |
| Bainistíocht Athruithe | 1,047,083 | 1,431,489 |
| **Iomlán** | **8,039,493** | **8,186,311** |

Tá méadú tagtha ar Chostais chun Saoráidí a fháil ar Cíos ó bhliain go bliain mar thoradh ar na saoráidí breise a theastaíonn le haghaidh ionad tástála tiomána chun dul i ngleic leis an mborradh faoi na hiarratais i ndiaidh reachtaíocht nua a achtú a bhfuil feidhm aige maidir le tiománaithe faoi oiliúint, a chumhdaítear go sonrach in Ionstraim Reachtúil de chuid an Achta um Thrácht ar Bhóithre (Leasú) 2018 ar an 22 Nollaig 2018.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019

**ar lean**

## 8. Costais Chláir

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| (a) Tástáil Teoirice Tiomána | 183,741 | 375,923 |
| (b) Forfheidhmiú & Cumarsáid um Tharlú Bóthair | 2,187,214 | 1,735,378 |
| (c) An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán | 1,354,509 | 2,475,920 |
| (d) Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre | 5,409,675 | 5,139,188 |
| (e) Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre | 1,460,958 | 1,511,875 |
| (f) Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 3,986,198 | 3,773,977 |
| (g) Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 482,149 | 447,173 |
| (h) Oideachas Tiománaithe | 872,603 | 888,253 |
| (i) Táillí Dlí | 1,151,754 | 928,344 |
| (j) Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála | 3,011,267 | 2,782,380 |
| (k) Tástáil Tiománaithe | 223,046 | 347,643 |
| (l) Beartas & Próiseas um Cheadúnais Tiomána a Fheabhsú | 696,709 | 734,883 |
| (m) Cumarsáid | 1,222,684 | 1,245,386 |
| (n) An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána | 26,568,657 | 24,333,361 |
| (o) Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála | 31,934 | 28,832 |
| (p) Costais an Chláir um Thacagraif Dhigiteacha | 581,726 | 616,917 |
| (q) Costais Chláir Eile | 46,503 | 83,092 |
| **Iomlán** | **49,471,327** | **47,448,525** |

## 8. Costais Chláir (ar lean)

(a) Is é seo an costas a bhaineann le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar bhunachar Ceisteanna Tástála na Seirbhíse um Thástáil Teoirice Tiomána agus é a nuashonrú, chomh maith le hiarratas ar athrú a dhéanamh ar an gceanglas éigeantach go mbeidh cárta seirbhísí poiblí ag iarrthóir, rud a tosaíodh in 2018 agus a cuireadh i gcrích in 2019.

(b) Is iad seo na costais a bhaineann leis an gclár forfheidhmithe lena n-áirítear maoirseacht, iniúchtaí teicniúla agus costais chumarsáide le haghaidh CVR. In 2019 bronnadh an conradh le haghaidh iniúchtaí teicniúla agus cuimsíodh leis an gconradh an tseirbhís CVR agus TNG, i gcodarsnacht leis an gconradh roimhe sin nár cuimsíodh ach an tseirbhís CVR amháin ann in 2018.

(c) Is é seo an costas chun an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán a mhaoirsiú agus a mhonatóiriú. Baineann an ghluaiseacht ó bhliain go bliain leis an méadú ar chostais i ndáil leis an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán a ligean ar cíos arís sa bhliain chomparáideach, mar aon le bogadh na seirbhíse teicniúla go forfheidhmiú tarlaithe bóthair mar chuid den chonradh nua a bronnadh in 2019 dá dtagraítear thuas.

(d) Is clár é an clár um chur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre trína gcuireann RSA sábháilteacht ar bhóithre chun cinn ar bhonn leanúnach agus úsáid á baint aige as uirlisí margaíochta agus cumarsáide, lena n-áirítear fógraíocht chun foghlaim leanúnach do gach úsáideoir bóithre a chinntiú.

(e) Is clár é an clár um oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre d'úsáideoirí bóithre a chur ar fáil suas go dtí an tríú leibhéal trí raon feachtas oideachais sainfhorbartha.

(f) Is clár dírithe é an clár um fheasacht ar shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar ghrúpaí ar leith d'úsáideoirí bóithre chun iad a chur ar an eolas faoi shábháilteacht ar bhóithre trí mhodhanna éagsúla amhail úsáid an tointeálaí agus teachtaireachtaí faoi shábháilteacht ar bhóithre a aistriú go roinnt teangacha.

(g) Is é seo an costas a bhaineann le tabhairt faoi chláir thaighde maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

(h) Is caiteachas cláir é Oideachas Tiománaithe a bhaineann le tionscal na dTeagascóirí Tiomána Formheasta a rialáil. Cuimsítear leis freisin reáchtáil an chláir de Theastais Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil maidir le tiománaithe busanna agus leoraithe gairmiúla.

(i) Is táillí dlí iad seo a thabhaítear maidir le cláir RSA, lena n-áirítear an clár Tástála Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála, clár na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána agus gach clár eile.

(j) Baineann an costas seo le feidhmiú an chláir Tástála Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála.

(k) Is é seo an costas a bhaineann le feabhsuithe ar an gclár Tástála Tiománaithe a bhaineann leis na tástálacha teoirice tiomána agus tiomána praiticiúla, go háirithe forbairt ábhar siollabais.

(l) Baineann an clár seo le caiteachas i bhforbairt agus feabhsú na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána.

(m) Tabhaíonn RSA costas maidir lena ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceannach meán, cruthaíocht meán agus caidreamh poiblí. Cuimsíonn sé chomh maith gníomhaíocht RSA sna meáin shóisialta.

(n) Baineann an caiteachas cláir seo le costais oibriúcháin na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána agus áirítear leis costas táirgthe an chárta, an líonra gníomhairí agus míreanna próiseála cúloifige na seirbhíse ceadúnais. Bhí méadú mór ann ar an líon iarratas ar mhalartú ceadúnais in 2019 mar gheall ar an mBreatimeacht, rud a mhéadaigh na costais go mór ó bhliain go bliain.

(o) Is iad seo na costais chláir a bhaineann leis an gCaighdeán Tiomána don tSeirbhís Éigeandála.

(p) Is iad seo na costais chláir a bhaineann leis an tseirbhís Tacagraif Dhigitigh.

(q) Baineann costais faoin mírcheann seo le costais fógraíochta maidir le fógraí faoi chaighdeáin feithiclí agus tástáil feithiclí.

Ní áirítear sna méideanna a thaispeántar sa nóta seo costais bhaill foirne RSA a bhaineann le riar na gclár sin mar ní shanntar costais foirne go heisiach do chláir ar leith agus mar sin de níl sé praiticiúil na costais sin a leithdháileadh.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019
**ar lean**

## 9. Maoin, Gléasra agus Trealamh

### 9(a) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh 2019

| | Léasacht € | Daingneáin & Feistis € | Flít € | Trealamh Speisialtóra/ Teileach-umarsáide € | Crua-earraí € | Bogearraí Feidhmchláir € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 3,313,577 | 1,141,493 | 1,402,350 | 561,757 | 3,389,326 | 35,227,951 | 45,036,454 |
| Breiseanna | 3,317,968 | 116,028 | - | - | 828,725 | 7,559,986 | 11,822,707 |
| Diúscairtí | - | - | (224,795) | (561,757) | - | - | (786,552) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **6,631,545** | **1,257,521** | **1,177,555** | **-** | **4,218,051** | **42,787,937** | **56,072,609** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 447,987 | 992,584 | 1,079,722 | 561,757 | 3,003,765 | 23,902,910 | 29,988,725 |
| Muirear don bhliain | 248,171 | 53,129 | 172,678 | - | 350,546 | 6,527,300 | 7,351,824 |
| Diúscairtí | - | - | (224,795) | (561,757) | - | - | (786,552) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **696,158** | **1,045,713** | **1,027,605** | **-** | **3,354,311** | **30,430,210** | **36,553,997** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **5,935,387** | **211,808** | **149,950** | **-** | **863,740** | **12,357,727** | **19,518,612** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **2,865,590** | **148,909** | **322,628** | **-** | **385,561** | **11,325,041** | **15,047,729** |

## 9. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

### 9(b) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh 2018

| | Léasacht € | Daingneáin & Feistis € | Flít € | Trealamh Speisialtóra/ Teileach- umarsáide € | Crua-earraí € | Bogearraí Feidhmchláir € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 1,908,486 | 1,041,276 | 1,493,415 | 561,757 | 3,246,099 | 26,370,857 | 34,621,890 |
| Breiseanna | 1,405,091 | 100,217 | - | - | 143,227 | 8,857,094 | 10,505,629 |
| Diúscairtí | - | - | (91,065) | - | - | - | (91,065) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **3,313,577** | **1,141,493** | **1,402,350** | **561,757** | **3,389,326** | **35,227,951** | **45,036,454** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 324,829 | 959,761 | 990,825 | 561,757 | 2,730,287 | 18,779,790 | 24,347,249 |
| Muirear don bhliain | 123,158 | 32,823 | 179,962 | - | 273,478 | 5,123,120 | 5,732,541 |
| Diúscairtí | - | - | (91,065) | - | - | - | (91,065) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **447,987** | **992,584** | **1,079,722** | **561,757** | **3,003,765** | **23,902,910** | **29,988,725** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **2,865,590** | **148,909** | **322,628** | **-** | **385,561** | **11,325,041** | **15,047,729** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **1,583,657** | **81,515** | **502,590** | **-** | **515,812** | **7,591,067** | **10,274,641** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019

**ar lean**

## 10. Méideanna Infhaighte

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán | 1,208,838 | 1,151,893 |
| Tobhach na Tástála Teoirice Tiomána | 506,057 | 420,566 |
| Táillí Tástála Tiomána | - | 1,855 |
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | 48,325 | 305 |
| Ioncam ó Urraíocht | 12,000 | 82,000 |
| **Iomlán** | **1,775,220** | **1,656,619** |

## 11. Réamhíocaíochtaí

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Árachas | 37,234 | 21,042 |
| Ceadúnais Bhogearraí | 92,684 | 113,625 |
| Eile | 37,951 | 77,000 |
| **Iomlán** | **167,869** | **211,667** |

## 12. Méideanna Iníoctha

**Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin**

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 4,257,236 | 3,882,158 |
| ÍMAT/ÁSPC | 444,714 | 436,965 |
| Asbhaintí Párolla | 150,013 | 165,545 |
| CBL | 345,422 | 397,341 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 337,898 | 392,022 |
| Fabhruithe | 4,106,810 | 3,439,517 |
| Fabhrú Pá Saoire | 394,453 | 363,331 |
| Ioncam Iarchurtha ó Tháillí Tástála Tiomána | 3,812,494 | 6,589,582 |
| Ioncam Iarchurtha ó Thobhach na Tástála Feithiclí Tráchtála | 410,855 | 430,817 |
| Aoisliúntas atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 540,027 | 521,120 |
| **Iomlán** | **14,799,922** | **16,618,398** |

## 13. Cuntas Caipitil

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 15,047,729 | 10,274,641 |
| **Aistriú ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 11,822,707 | 10,505,629 |
| Diúscairt Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (GLL > €0) | - | - |
| Amúchadh sócmhainní seasta | (7,351,824) | (5,732,541) |
| **Aistriú chuig an gCuntas Caipitil** | **4,470,883** | **4,773,088** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **19,518,612** | **15,047,729** |

## 14. Ceangaltais Chaipitil

Tá ceangaltais chaipitil ag RSA i leith réitigh a chur ar fáil chun seirbhísí éagsúla roinnt conarthaí a éascú, de réir chlár an Treochláir TFC 2017-2021. Faoin téarma conartha le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Eanáir 2021, tá ceangaltais chaipitil chonarthacha de €2.579m (2018: €3.176m) ag RSA.

Déanfaidh RSA na ceangaltais sin a sheasamh ó na cúlchistí dá chuid agus ó ioncam amach anseo ó shruthanna éagsúla ioncaim.

## 15. Dliteanais Theagmhasacha

Níl aon dliteanais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2019.

## 16. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Ghlac RSA le nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag na comhaltaí dá chuid agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain.

## 17. Áitribh

Áitíonn RSA an cheannoifig dá chuid i mBéal an Átha mar aon le fo-oifig i mBaile Locha Riach. Is le hOifig na nOibreacha Poiblí na háitribh sin agus níl aon chíos le híoc ag RSA. Tá 57 n-ionad tástála tiománaithe ag RSA ar fud na tíre, agus tá 20 ceann díobh sin suite in oifigí a roinntear le ranna eile rialtais, tá 21 cheann suite in áitribh eile de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí agus tá 16 cinn ar cíos ag RSA mar shocrú eatramhach. Gearrtar costais seirbhísí comhroinnte ar RSA i leith na n-ionad siúd atá suite in oifigí a roinntear le ranna eile rialtais.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2019

**ar lean**

## 18. Iasachtaí

Le halt 13 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ligtear do RSA airgead a fháil ar iasacht le toiliú an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhaontú an Aire Airgeadais chun críocha a chuid feidhmeanna a chur chun feidhme. Ó tionscnaíodh é, níor thabhaigh RSA aon iasachtaí.

## 19. An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe

Ag deireadh 2019, bhí cúlchistí carnacha coinnithe de €14.75m ag RSA. Leithdháileadh leithdháileachán státchiste dar luach €0.139m do RSA le haghaidh 2019 go sonrach chun íocaíochtaí pinsin i gcomhair pinsinéirí ar a chuntais a sheasamh. Seachas sin, d'fheidhmigh RSA ar bhonn féinmhaoinitheach in 2019.

In 2019, lean RSA leis ag obair maidir lena Phlean Corparáideach 2016 go 2020 a sheachadadh ina leagtar amach an chaoi a bhfuil RSA ag infheistiú ina bhonneagar seirbhíse poiblí agus an chaoi a bhfuil sé ag claochlú a shamhla seachadta seirbhíse trí aistear comhtháite custaiméara do chustaiméirí a bheidh in ann seirbhísí RSA a rochtain ó phointe tadhaill amháin – tairseach custaiméirí RSA. Beidh éifeachtúlachtaí oibríochta, laghdú ar chostais agus rochtain níos fearr ar shonraí ann mar thoradh ar an bPlean Corparáideach a sheachadadh ó 2021 ar aghaidh, rud a ligfidh do RSA ath-infheistiú a dhéanamh i ngníomhaíocht spriocdhírithe sábháilteachta ar bhóithre chun ár gcuspóir maidir le beatha daoine a shábháil ar ár mbóithre a bhaint amach. Beidh buntáistí níos leithne sochaíocha agus geilleagracha aige freisin e.g. aistir agus an t-am a chailltear ag an obair chun seirbhísí RSA a fháil a laghdú. In 2019, leanadh leis na príomhthionscadail i dtreochlár TFC de chuid RSA chun ardáin RSA amach anseo maidir le seachadadh seirbhíse a fhorbairt, lena n-áirítear:

- Ailtireacht iomlánaíoch chomhtháite dhírithe - Ardán Réitigh Gnó (ARG) RSA arb é an príomhchuspóir atá leis ardán um fheidhmiúlacht in-athúsáidte a chur ar fáil ar fud RSA a thacóidh lenár bplean corparáideach trí bheartas de dhearadh agus de thógáil uair amháin, agus athúsáid go minic a chur i bhfeidhm.
- Sraith chomhtháite idir feidhmchláir ghnó RSA a thabharfaidh rochtain fíor-ama do chórais ghnó RSA agus úsáideoirí chun seilbh a ghlacadh ar Shonraí Tiománaithe agus Feithiclí trí fhíorfhoinse faisnéise amháin a chur ar fáil agus tríd an ngá leis na sonraí a chur isteach cúpla uair agus an gá le roinnt scáileán a úsáid chun iad a rochtain a laghdú.
- Rinneadh bunbhonneagar TFC nua bunaithe ar réiteach VX Rail Hyper-Converged Dell lena chur in ionad bhonneagar reatha TFC de chuid RSA, ag tacú le príomh-mholadh straitéise RSA - Ardán do thodhchaí RSA a chur i bhfeidhm.
- Ailtireacht agus ollstór sonraí chun tacú le húsáid éifeachtach sonraí mar bhonn eolais dár ngníomhaíochtaí agus ag díriú ar an riosca is mó.
- Córas nua chun eolas ceiste a bhainistiú a thacaíonn le cur chuige One-RSA maidir le bainistíocht ábhair agus ceiste agus féinseirbhís custaiméirí agus a chomhtháthaítear le córas nua fóin VoIP.
- Athsholáthar crua-earraí lena n-áirítear ríomhairí deisce agus glúine atá comhoiriúnach le Windows 10.

In 2020, réadóidh na tionscadail sin buntáistí breise custaiméirí agus oibríochta nuair a sheolfar NDLS ar líne do na custaiméirí ceadúnaithe ar fad agus na chéad seirbhísí i dtairseach custaiméirí RSA. In 2019, rinne RSA athbhreithniú ar a shamhail seachadta seirbhíse oifige tosaigh a thabharfaidh faisnéis dá straitéis chun seirbhís atá níos cuíchóirithe agus níos saoráidí a sheachadadh dár gcustaiméirí atá ag iarraidh ár seirbhísí as líne a úsáid. Tá roinnt gníomhaíochtaí bainistíochta athruithe, lena n-áirítear sármhaitheas oibríochta agus LEAN, á gcur i bhfeidhm ar fud RSA. Tá próiseas láidir i bhfeidhm ag RSA chun baint amach an Phlean Chorparáidigh a rianú agus chun rioscaí agus fadhbanna a bhainistiú agus a mhaolú. In 2020, déanfaidh RSA athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach 2016-2020 a dhéanfaidh eolas do chur chuige an chéad Phlean Chorparáidigh eile de chuid RSA.

## 20. Teagmhais ina dhiaidh sin

**Athrú ar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin**

D'éirigh Moyagh Murdock as an ról mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i Márta 2020. Tá POF eatramhach i bhfeidhm faoi láthair go dtí go gceapfar duine ina hionad.

**COVID-19**

D'fhorbair ráig COVID-19 go tapa in 2020. Bhí tionchar ag na bearta a rinne an Rialtas chun an víreas a choinneáil faoi smacht ar ghníomhaíocht gheilleagrach agus ar oibríochtaí an Údaráis mar a leagtar amach thíos:

- Ón 28 Márta 2020, cuireadh seirbhísí poiblí an Údaráis ar fionraí agus tugadh isteach rialacháin lena síneofaí tréimhsí bailíochta ceadúnas agus teastas le haghaidh raon seirbhísí poiblí de chuid an Údaráis. Dá bhrí sin, ní raibh an tÚdarás in ann aon ioncam a thuilleamh ar feadh roinnt míonna go dtí gur atosaíodh seirbhísí ar bhonn céimnithe ón 18 Bealtaine i gcomhréir le treochlár an Rialtais.
- Toisc go bhfuil an tÚdarás féinmhaoinitheach den chuid is mó, bhí tionchar ábhartha ag COVID-19 ar oibríochtaí agus staid airgeadais an Údaráis.

Tá clár laghdaithe costais curtha chun feidhme ag an Údarás in 2020 chun gach caiteachas idirbheartaíochta agus lánroghnach a laghdú d'fhonn tionchar COVID-19 mar thoradh ar laghdú ábhartha san ioncam a mhaolú. Ina theannta sin, tá an tÚdarás ag bainistiú a chúlchistí airgid thirim go réamhghníomhach le linn na tréimhse COVID-19 chun na híocaíochtaí agus na dliteanais a íoc nuair a bheidh siad dlite in 2020. Tá an tÚdarás i dteagmháil leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a mháthair-roinn, maidir lena staid airgeadais agus maidir le hatosú leantach na seirbhísí poiblí ionas go mbeidh an tÚdarás in ann oibriú as an imeacht.

Idir an dá linn, i gcomhréir le halt 13 den Acht um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, tá saoráidí creidmheasa curtha i bhfeidhm ag an Údarás lena bhanc lena chinntiú go mbeidh go leor airgid thirim agus leachtachta aige le hoibriú tríd an imeacht COVID-19. Ag brath ar fhad ama an imeachta COVID-19 agus ar an tionchar diúltach leanúnach ar ghníomhaíocht gheilleagrach, tá seans ann go mbeidh an tÚdarás thíos le tionchair airgeadais dhiúltacha eile in 2020. Ní féidir an tionchar ar ár n-oibríochtaí don chuid eile de 2020 agus ina dhiaidh sin a thuar go cruinn.

## 21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh RSA na Ráitis Airgeadais an 14 Iúil 2020.

# Iarnótaí

1 Tabhair faoi deara: is figiúirí sealadacha iad na figiúirí le haghaidh 2018–2019 agus tá siad faoi réir athruithe.
2 Bunaithe ar mheastacháin an daonra (Aibreán 2019) ón bPríomh-Oifig Staidrimh.
3 Tá an figiúir seo ríofa ó na figiúirí is déanaí don Mheán-Ráta Bliantúil Dífhostaíochta atá Coigeartaithe de réir Séasúir do dhaoine idir 15 bliana d'aois agus 74 bliana d'aois, an bPríomh-Oifig Staidrimh, https://www.cso.ie/px/pxeirestat/Database/eirestat/Monthly%20Unemployment/Monthly%20 Unemployment_statbank.asp?SP=Monthly Unemployment&Planguage=0
4 Feithiclí a ceadúnaíodh den chéad uair, eisiúint staidrimh ón bPríomh-Oifig Staidrimh, 13 Eanáir 2020, https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/vltfm/vehicleslicensedforthefirsttimedecemberandyear2019/
5 Omnibus Iompair 2018, an Phríomh-Oifig Staidrimh (2018). http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-tranom/transportomnibus2018/roadtrafficvolumes/
6 Tá na figiúirí sealadach agus faoi réir athruithe.
7 Ranking EU Progress on Road Safety, 14th Road Safety Performance Index Report, Meitheamh 2020, https://etsc.eu/category/publications/
8 Rinneadh suirbhé ar 798 dtiománaí cairr i suirbhé ESRA2 in Éirinn. Rinneadh suirbhé ar 15,196 thiománaí cairr i suirbhé ESRA2 ar thíortha AE20.
9 Ní áirítear mótarbhealaí leis.
10 Foinse: R-Shuirbhé Eorpach ar Dhearcthaí Úsáideoirí Bóithre 2
11 An Ostair, an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSeirbia, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe.
12 Áirítear leis seiceálacha ag carr póilíní le ceamara, ceamaraí suite, ceamaraí móibíleacha, agus le córais rialaithe rannóige.
13 13th Annual Road Safety Performance Index (PIN) Report, Meitheamh 2019, https://etsc.eu/13th-annual-road-safety-performance-index-pin-report/

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2019*

In 2019 maraíodh 106 fear agus 35 ban ar na bóithre

**106** **35**

## Fuair **141** dhuine bás san iomlán in 2019.

Is méadú
**1%**
é sin i gcomparáid leis an 140 bás in 2018

### BÁSANNA TAISTEALAITHE FEITHICLÍ

**90**

**Méadú 39% ar bhásanna tiománaithe, suas ó 54 go 75**

**25%**

**Laghdú 25% ar bhásanna pais-inéirí, síos ó 20 go 15**

### BÁSANNA ÚSÁIDEOIRÍ BÓITHRE LEOCHAILEACHA

**Laghdú 36% ar 2018** — **27**

**Méadú 7% ar 2018** — **16**

**Laghdú 11% ar 2018** — **8**

Ba ar bhóithre 80 km in aghaidh na huaire a maraíodh geall le duine amháin as gach beirt úsáideoirí bóithre a maraíodh

**NÍ RAIBH**
**26%**
de thiománaithe agus de phais-inéirí a maraíodh ag caitheamh creasa sábhála

DOM

Ba é an Domhnach an lá ba chontúirtí den tSeachtain (32 bhás)

Tharla dhá cheann as gach cúig 5 bhás idir 12in agus 8in

*Is figiúirí sealadacha na figiúirí i leith 2019 agus tá siad faoi réir athruithe. Bailí amhail an 27 Bealtaine 2020.

**Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre**
**Road Safety Authority**

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co Mayo, F26 V6E4

glao áitiúil: 1890 50 60 80 ríomhphost: info@rsa.ie suíomh gréasáin: www.rsa.ie